






# TRAIDISIÚN DE MHACHNAMH NEAMHSPLEÁCH

UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

## TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN, 2019/2020

# Clár

- Réamhrá
- COC go hAchomair
- Fís, Misean agus Luachanna
- Cuspóirí Straitéiseacha
  - Cuspóir a hAon: Foghlaim
  - Cuspóir a Dó: Cruthaigh
  - Cuspóir a Trí: Téigh i mBun agus Gníomhaigh
  - Cuspóir a Ceathair: Earcaigh agus Forbair
  - Cuspóir a Cúig: Maoinigh agus Tóg
- Baill an Choiste Rialaithe, 2019-2024





# Réamhrá



Bliain rathúil ab ea í seo in COC in ainneoin na ndúshlán agus na neamhchinnteachtaí go léir a bhí i gceist dár n-ollscoil agus dár bpobal le linn phaindéim COVID-19. Tar éis dúinn aistriú as cuimse a dhéanamh go dtí teagasc, measúnú, agus obair agus taighde leanúnach ar líne, tá dul chun cinn nach beag déanta againn chomh maith chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Chuir mic léinn, baill foirne agus alumni de chuid COC go mór leis an bhfreagra domhanda don phaindéim. Le linn an ama sin, ba mhór an onóir dom í a bheith ceaptha mar Uachtarán Eatramhach tar éis don Uachtarán an tOllamh Patrick O'Shea éirí as. Thar ceann phobal uile COC ba mhian liom buíochas a ghabháil leis as an méid suntasach a dhein sé ar leas na hollscoile le linn a thréimhse oifige agus gach rath sa todhchaí a ghuí air.

D'éirigh go maith linn i mbliana ó thaobh earcaithe mac léinn de, agus chuireamar fáilte roimh 6,488 mac léinn ó níos mó ná 100 tír éagsúil. Cúis mhórtais dom gur ar chosáin rochtana a tháinig 23% d'iontrálacha an CAO go dtí COC. D'éirigh go seoigh leis an bhfeachtas earcaithe mac léinn seo agus ina dhiaidh sinn, d'éirigh linn ráta coinneála sa chéad bhliain de 94% a bhaint amach, an ráta ab airde go dtí seo agus leanaimid de bheith mar cheannaire sa ghné seo san ardoideachas in Éirinn. Den chéad uair riamh ní raibh COC in ann a chuid seamanas bronnta céime a reáchtáil ar an gcampas i mbliana agus san Aibreán cuireadh tús le bronntaí céimeanna fíorúla nuair a d'éirigh linn dlús a chur le measúnú agus bronntaí céimeanna ar mhic léinn leighis d'fhonn tacú le mic léinn a bhí ag obair sa líne thosaigh. Ar an iomlán, bronnadh céimeanna ar 7,476 mac léinn i mbliana i searmanais ar líne ar fheastail réamhchéimithe orthu in éineacht lena dteaghlaigh agus a gcairde, agus pobal COC.


Táimid ag cur barr feabhais ar eispéireas ár gcuid mac léinn i gcónaí agus bronnadh an Gradam um Eispéireas na Mac Léinn is Fearr ar COC ag Dámhachtainí an Oideachais 2020. Mar ollscoil atá dírithe ar an tsochaí agus an tsibhialtacht, tá croíluachanna agus thréithe an chéimí dár gcuid mar bhonn le heispéireas ar gcuid mac léinn agus tacaíonn Clár Thréithe an Chéimí, a bhfuil rath nach beag air, lenár gcuid mac léinn agus iad ag brath rompu san ollscoil, fad is atá siad anseo agus nuair a fhágfaidh siad. I mí Eanáir, d'osclaíomar foirgneamh saindéanta dár teideal an Mol tar éis athchóiriú dar luach €20m a dhéanamh mar a bhfuil dinimic shóisialta nua agus ionchuimsitheach cruthaithe againn i lár an champais agus a chabhróidh le pobail foghlama, caidreamh sóisialta agus soláthar seirbhísí ar mhaithe leis na mic léinn.

€100 an t-ioncam taighde a bhí againn i mbliana, rud a chuir ar ár gcumas cur lenár ndea-theist mar ollscoil diantaighde agus ár dtionchar domhanda. Seasann seo do mhéadú de 60% le 10 mbliana anuas arna ghríosú ag méaduithe ó chláir an AE agus ó fhoinsí fiontraíochta. Cuirimid lenár gcomhoibriú éifeachtach le comhpháirtíochtaí tionsclaíochta i gcónaí agus sinn ar an institiúid is fearr in Éirinn ó thaobh ioncaim fiontraíochta de. Ár bhfoireann atá mar bhonn lenár n-uaillmhian dhomhanda agus iad ag comhoibriú le níos mó ná 4,000 institiúid taighde in 140 tír ar fud an domhain agus mar thoradh air sin, tá siad lánchumasach chun maoiniú a thiomsú ón státchiste agus ó chistí eile nach é.

D'ainneoin na ndúshlán a bhaineann le maoiniú, fuair COC maoiniú suntasach faoin Tionscamh um Chaipiteal Daonna (HCI) i mbliana mar thaca le huas-sciliú céimithe, agus ar mhaithe le cumas chun freastal ar na héilimh ar scileanna atá ann faoi láthair. Cuirfidh na cláir seo le lúfaireacht agus le nuálaíocht, cuirfidh siad lenár gcumas taighde agus aistrithe agus athnuafaidh siad ár micri-chreidiúnú mar aon leis an aitheantas a thugaimid don réamhfhoghlaim.

Cloch mhór ar phaidrín COC is ea inbhuanaitheacht san ardoideachas agus tugadh aitheantas dó i mbliana agus é ar an institiúid ardoideachais Éireannach is tiomanta d'inbhuanaitheacht i Rangú domhanda *UI GreenMetric*. Tháinig sé sa 9ú háit as níos mó na 900 ollscoil ar fud an domhain. Tarlaíonn amhlaidh agus sinn ag ceiliúradh 10 mbliana ó bhíomar ar an gcéad ollscoil ar fud an domhain ar bhronn an Fhondúireacht um Oideachas Comhshaoil Brat Glas uirthi.

Mar Uachtarán Eatramhach agus alumnus de chuid COC is mór an chúis bhróid dom é teacht aniar agus lúfaireacht phobal COC a léirigh siad agus iad ag dul i ngleic leis an mórchuid dúshlán le bliain anuas agus ba mhian liom moladh a thabhairt do gach éinne a chuir lenár ndul chun cinn i mbliana.



**An tOllamh John O'Halloran**
**Uachtarán Eatramhach**
**Coláiste na hOllscoile Corcaigh**

# COC go hAchomair 2019/20




**22,650**
mac léinn



**7,476**
Céimí

**94%**
ráta coinneála
na chéad bhliana



Ioncm Taighde
**€100 milliún**



**200,000**
alumni ar
fud an domhain

**23%**
de mhic léinn ag
teacht go COC ar
chosáin rochtana

## RANGÚ

| | |
|---|---|
| Rangú Domhanda QS | **286** |
| *Times Higher Education World University Rankings* | **301-350** |
| *Times Higher Education World Impact Ranking* | **32** |
| *UI Green Metric Ranking* | **9** |
| Infhostaitheacht Chéimithe QS | **251-300** |
| *Sunday Times Irish University Ranking* | **2** |

## ÁBHAR/DISCIPLÍNÍ A BHÍ SA CHÉAD 150 DE RANGÚ ÁBHAR DOMHANDA NA BLIANA 2020

| **Ábhar nó Disciplín** | **Rangú Domhanda** |
|---|---|
| **Rganú *QS World University* de réir Ábhair** | |
| Teanga agus Litríocht an Bhéarla | **101-150** |
| Altranas | **51-100** |
| Cógaisíocht agus Cógaseolaíocht | **101-150** |
| Dlí | **101-150** |
| ***Shanghai Global Subject Rankings*** | |
| Eolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia | **43** |
| Biteicneolaíocht | **101-150** |
| Leigheas Cliniciúil | **101-150** |
| Sláinte Phoiblí | **101-150** |
| Fiaclóireacht agus Eolaíochtaí Béil | **76-100** |
| Altranas | **51-75** |

# Fís, Misean agus Luachanna

Tá gníomhaíochtaí uile COC faoi réir ag ár ráiteas misin. Cuimsítear agus léirítear bunluachanna na hollscoile sa ráiteas misin.

## ÁR bhFÍS

A bheith mar ollscoil cheannródaíoch ina bhfuil smaointeoirí neamhspleácha.

## ÁR MISEAN

Eolas a chruthú, a thuiscint agus a roinnt agus é a chur i bhfeidhm ar mhaithe le cách.

## ÁR LUACHANNA

Tá ár mbunluachanna mar threoir dár ngníomhartha agus dár bpróisis agus mar thaca leo:

- Cruthaitheacht
- Trédhearcacht
- Saoirse Tuairimíochta
- Comhionannas
- Meas
- Freagrúlacht
- Scoláireacht
- Ionracas
- Éagsúlacht







**CUSPÓIR A hAON**

Foghlaim

**CUSPÓIR A DÓ**

Cruthaigh

**CUSPÓIR A TRÍ**

Téigh i mbun agus Gníomhaigh

**CUSPÓIR A CEATHAIR**

Earcaigh agus Forbair

**CUSPÓIR A CÚIG**

Maoinigh agus Tóg

# Cuspóirí Straitéiseacha

**Cuspóir a hAon:** Straitéis acadúil a chur i bhfeidhm chun sár-eispéireas foghlama agus teagaisc atá dírithe ar mhic léinn a chur ar fáil, straitéis a bhfuil curaclam ina croílár aici atá athnuaite, freagrúil agus bunaithe ar thaighde.

**Cuspóir a Dó:** A bheith mar ollscoil cheannródaíoch ó thaobh taighde, nuálaíochta, fiontraíochta agus tráchtála de a imríonn dea-thionchar ar an tsochaí.

**Cuspóir a Trí:** Luach a chruthú dár bpobal agus meon idirnáisiúnta againn agus sinn ag plé le ceisteanna áitiúla agus domhanda ar bhonn eolasach agus cruthaitheach.

**Cuspóir a Ceathair:** Baill foirne ar ardchaighdeán a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád agus tacú leo d'fhonn éagsúlacht ina measc a chinntiú agus atá in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach.

**Cuspóir a Cúig:** Cur lenár mbonneagar agus lenár mbonn acmhainní.







## CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim

Straitéis acadúil a chur i bhfeidhm chun sár-eispéireas foghlama agus teagaisc atá dírithe ar mhic léinn a chur ar fáil, straitéis a bhfuil curaclam ina croílár aici atá athnuaite, freagrúil agus bunaithe ar thaighde.

CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim






## Raon Feidhme an Leas-Uachtaráin agus an Chláraitheora

Ó lár mhí Iúil lean an Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir an tOllamh John O'Halloran ina ról chomh maith le bheith i ról an Uachtaráin Ghníomhaigh. Lean sé sa dá ról go dtí gur cheap Coiste Rialaithe COC é mar Uachtarán Eatramahach ar an 15 Meán Fómhair 2020 nuair a d'imigh an tUachtarán, an tOllamh Patrick O'Shea, as oifig.

## Ag freagairt do Dhúshláin

Ó fógraíodh an Tionscnamh um Chaipiteal Daonna (HCI) déanach sa bhliain 2019, chuaigh COC i ngleic leis na trí philéar ar bhonn gníomhach. I mí an Mheithimh na bliana 2020, bronnadh maoiniú de €5.6 milliún as sé chlár iarchéime nua faoi Philéar 2 (727 áit do mhic léinn ar feadh trí bliana) a forbraíodh i gcomhar le comhpháirtithe fiontraíochta ag freagairt do riachtanais scileanna sa réigiún. Bronnadh €300,000 chun cur le líon na mac léinn ag leibhéal na fochéime i gcláir innealtóireachta faoi Philéar 2. Le linn 2020, d'oibrigh COC go dlúth le comhpháirtithe fiontraíochta chun tionscadail Philéar 3 a fhorbairt, rud a d'fhág go raibh COC páirteach i 10 dtogra agus i mbronnnadh dar luach €14.4 milliún do chúig chomhthionscadal.

I mí Iúil na bliana 2020, mar chuid d'fhógra an rialtais maidir le pacáiste spreagthaí cuireadh maoiniú breise ar fáil do chláir ardoideachais a bhaineann le scileanna. Bronnadh maoiniú ar COC d'áiteanna ar chláir agus modúil a bhí ann cheana i réimsí scileanna a aithníodh. Earcaíodh 363 mac léinn breise ar chláir iarchéime mhúinte a bhí ann cheana agus 285 mac léinn ar mhodúil bunaithe ar scileanna a raibh luach iomlán de €3 milliún acu.

## Straitéis Acadúil

Seoladh **Straitéis Acadúil 2018-2022** de chuid COC i mí na Nollag 2018 agus tugadh an-tacaíocht go deo di ar fud na hollscoile mar ar cuireadh sé thosaíocht i bhfeidhm. Tá cur i bhfeidhm na straitéise ag dul ar aghaidh, agus an 35 gníomh ar siúl anois, agus 26% díobh curtha i gcrích cheana sna réimsí seo: Curaclam Cónasctha, an Phunann Acadúil, Cleactais Mheasúnaithe, Tréithe an Chéimí, Pleanáil Rollaithe agus Rialachas Acadúil.

Sheol an Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir gearrchúrsa ar líne dar teideal *The Connected Curriculum and You* a raibh suaitheantas digiteach ag dul leis in Aibreán na bliana 2020. Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa ar líne seo an Curaclam Cónasctha a leabú i ngníomhaíochtaí agus róil uile de chuid COC agus tugann sé léargas ar an Straitéis Acadúil agus a Curaclam Cónasctha, ar an tslí ina bhfeidhmíonn siad seo in COC agus an tslí ina mbaineann siad le róil aonair i ranna acadúla agus i seirbhísí gairmiúla uile. Rath nach beag a bhí ar an gcúrsa seo san aistriú ar líne agus in ainneoin dhúnadh an champais fhisiciúil, bhí baint ag cuid mhaith den fhoireann ar fud na hollscoile leis an ábhar agus nasc siad lena chéile ag ceardlanna ar líne beo a forbraíodh mar fhreagra do dhúnadh an champais. Thug an cúrsa seo pointe teagmhála, a raibh géarghá leis. don fhoireann ag an tráth suaite seo agus léirigh sé na féidearthachtaí a bhaineann le *Canvas* agus *Microsoft Teams* mar ardáin teagaisc agus foghlama. Cuireadh ábhar cúrsaí in oiriúint do mhic léinn idirnásiúnta chomh maith mar chuid den chlár ar líne *Transitions-In* a seoladh chun dul i ngleic le srianta COVID-19.

Thacaigh Straitéis Acadúil 2018-2022 le COC a mhisean acadúil a chur i gcrích agus chinntigh sí rathúlacht na mac léinn agus iad ag tabhairt aghaidh ar dhúsháin ghéarchéim COVID-19 agus dúnadh an champais dá dheasca i mí an Mhárta 2020. Mar thoradh air seo, bhí gá nach beag le cinnteoireacht acadúil thapaidh agus leathan le cinntiú go mbeadh mic léinn in ann an bhliain acadúil 2019/20 a chríochnú sna cúinsí a bhí ag athrú go pras. Mairfidh cuid de na hathruithe, leasuithe agus nuálaíochtaí, a forbraíodh mar fhreagra do shrianta COVID-19, tar éis na géarchéime féin. Cuimseofar iad seo i gcur i bhfeidhm na Straitéise Acadúla agus tacóidh siad le nuálaíochtaí sa teagasc, san fhoghlaim agus in eispéireas na mac léinn, go háirithe sna réimsí seo: earcú mac léinn, measúnú agus maolú, agus rialachas acadúil.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim








## Gnóthaí agus Rialachas Acadúil

### Plean Ullmhachta Acadúla

Bunaíodh fochoiste den Fhóram um Cheannaireacht Acadúil i mí Bealtaine 2020 chun struchtúr agus plean a fhorbairt d'fhonn aistriú *ó bhainistiú éigeandála* go dtí pleanáil agus cur i bhfeidhm téarnaimh acadúil. Clúdaíodh an Plean Ullmhachta Acadúla na cúrsaí feidhmíochta seo leanas:

- Struchtúr na Bliana Acadúla
- Eacraíocht, Iontráil agus Clárú
- Foghlaim agus Teagasc
- Curaclam agus Measúnú
- Creidiúnú Seachtrach
- Soghluaisteacht agus Socrúchán
- An Straitéis Acadúil
- Socrúchán Oibre

Bhí an Straitéis Acadúil, Prionsabail an Phlean Ullmhachta Acadúla agus Rialachas Acadúil agus Dearbhú Cáilíochta mar thaca leis an bplean. Cuireadh an plean faoi bhráid na Comhairle Acadúla a rinne é a fhaomhadh i mí an Mheithimh 2020.

### Ionadaíocht, Cothromaíocht agus Saineolas ar an gComhairle Acadúil

I bhfianaise mholtaí Thionscadal *Genovate* agus é spreagtha ag aidhmeanna Chairt *Athena Swan*, stiúir an Oifig um Ghnóthaí Acadúla agus Rialachas tionscnamh ardaidhmeannach d'fhonn ionadaíocht agus éagsúlacht a fheabhsú ar an gComhairle Acadúil (príomhbhord cinnteoireachta acadúla na hollscoile). Agus na leasuithe cuí déanta ar Phríomh-Reacht na hollscoile, chuir an Rúnaí Acadúil tús le glaoch i mí Mheán Fómhair 2020 chun painéal de suas le 30 ball foirne acadúil féinainmnithe a raibh gnéithe cosanta i gcomónta acu agus ar mhian leo cur le rialachas acadúil ar bhonn dearfach. Iarradh ar bhaill foirne acadúla iarratas a dhéanamh a bheith mar bhall ar an bpainéal de bharr easpa ionadaíochta a bheith ann sna catagóirí seo leanas: Inscne, Aois, Míchumas, agus Eitneacht. Léirigh pobal COC spéis nach beag sa scéim agus bhí ardchaighdeán ag baint leis na haighneachtaí, rud a chuireann in iúl mórchuid taithí agus saineolais institiúide. Rinne fochoiste den Chomhairle Acadúil na hiarratais a athbhreithniú agus, ina dhiaidh sin, roghnaíodh 30 ball foirne ó chúlraí éagsúla le bheith mar bhaill iomlána den Chomhairle Acadúil ar feadh trí bliana. Baineann tuairimí úrnua agus aonair leis na baill foirne maidir le forbairt polasaí agus cinnteoireacht agus cuireann siad ar chumas na Comhairle Acadúla comhionnanas, cothromaíocht agus difríochtaí a chur san áireamh ina cuid oibre.

### Rialachas na gClár Acadúil

Cuireadh moladh faoi bhráid an Bhoird Acadúil go luath sa bhliain 2020 maidir le tús a chur le Bord Staidéir na gClár (PBS) mar modh chun cláir acadúla uile na hollscoile a rialú. Tá an clár seo bunaithe ar an bPolasaí um Chláir Idirdhisciplíneacha atá ann cheana féin. An bunús le tús a chur leis an PBS ná próiseas rialaithe na gclár a shimpliú, treoir shoiléir a chur ar fáil maidir lena bhfuiltear ag súil le rialú clár, deimhin a dhéanamh de go ndéantar cinntí acadúla ar bhonn áitiúil, chun dúbláil chinnteoireachta a sheachaint ag leibhéil éagsúla na hinstitiúide, chun sreafaí eolais a shimpliú idir na ceithre choláiste agus na scoileannna, agus ar mhaithe le réitigh theicniúla a fhorbairt mar chúnamh do riaradh cuimsitheach na gclár acadúil.

### Seirbhísí Acadúla

Bhí ról lárnach ag gach oifig laistigh de na Seirbhísí Acadúla chun freagairt do dhúshláin COVID-19. Díreadh sular dúnadh an campas i Márta 2020 agus sular thosaigh géarchéim COVID-19, bunaíodh Grúpa um Leanúnachas Gnóthaí Scrúduithe chun freastal ar na héilimh a chruthaigh dúnadh an champais de dheasca COVID-19 i dtaca le scrúduithe agus measúnuithe. Tá Stiúrthóir na Seirbhísí Acadúla mar chathaoirleach ar an ngrúpa seo ar a bhfuil 40 ball foirne ó gach cuid den ollscoil, Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn san áireamh. Tuairiscíonn an grúpa chuig an bhFóram um Cheannaireacht Acadúil agus tháinig sé le chéile ar bhonn seachtainiúil ó thosach na géarchéime. Thacaigh an grúpa leis an aistriú go dtí measúnú ar líne, le leagan amach agus tosú na mbeart 'Gan Míbhuntáiste Acadúil' agus le cúrsaí cumarsáide maidir leis an bpolasaí agus na gnáthaimh mheasúnaithe trí mhol-acmhainn mheasúnaithe ar líne. D'éirigh le

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim






níos mó ná 50,000 measúnú ar líne a reáchtáladh le linn thréimhse scrúduithe an tsamhraidh. Chuaigh scrúdaitheoirí seachtracha agus boird scrúduithe ar líne den chéad uair riamh, arna dtacú go cumasach ag ár n-ardáin teicneolaíochta agus ár gcomhghleacaithe sna Seirbhísí TF. Rinneadh socruithe ar leith d'fhonn measúnú agus bronntaí céime na mac léinn leighis agus na mac léinn eile a bhí ag obair ar an líne thosaigh. D'imir Oifig Thaifid na Mac Léinn agus na Scrúduithe ról ríthábhachtach le cinntiú go leanfadh gach gné de scrúduithe agus measúnuithe de réir an sceidil.

Toisc gur bunaíodh Lárionad na Mac Léinn mar aon leis an nuálaíocht agus an feabhsú leanúnach dár seirbhísí ar líne do mhic léinn, rud a thosaigh sular dúnadh an campas de dheasca COVID-19, bhí baill foirne a mhúin mic léinn ar an láthair go dtí sin ag leanúint orthu agus seirbhísí ar líne a úsáid do na mic léinn le linn na géarchéime. Idir 13 Márta agus deireadh na bliana acadúla, fuarthas agus próiseáladh nach mór 15,000 de chásanna na mac léinn. Lean infheistíocht inár gcóras riaracháin do mhic léinn ar aghaidh le linn na bliana. Cuireadh críoch le hobair ullmhúcháin shuntasach chun inneall iarratas iarchéime nua a thosú i mí na Samhna 2020, agus cuireadh tús le córas socrúchán nua do mhic léinn i Seirbhís na nGairmeacha i mí Mheán Fómhair; tá céimeanna breise beartaithe don dá thionscadal seo. Idir an dá linn, chuir sruth an Mhoil Dhigitigh gnéithe agus seirbhísí breise ar fáil dár gcuid mac léinn, rud a bhí an-áisiúil le linn ghéarchéim COVID-19.

## Earcaíocht agus Iontráil

Tá na hocht n-oifig seo leanas anois mar chuid d'Fheidhm na hEarcaíochta agus na hIontrála: an Oifig Earcaíochta, an Oifig Iontrála, Oifig na Staidéar Iarchéime, an Oifig Idirnáisiúnta, an tIonad um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, Scoláireachtaí agus Duaiseanna, Clár Mhic Léinn Chumasacha Quercus, agus Clár Thréithe an Chéimí.

### Earcú Mac Léinn

Iarracht na hollscoile uile is ea earcú na mac léinn, arna chomheagrú ag an Oifig Earcaíochta, agus tá tábhacht nach beag ag baint leis an dul chun cinn atá déanta againn chun mic léinn ardaidhmeannacha a mhealladh.


Do mhic léinn fochéime an CAO, reáchtáladh gníomhaíochtaí earcaithe fisiciúla le linn na tréimhse ar nós: Lá Oscailte Mhí Dheireadh Fómhair, cuairteanna scoile, Comhdháil na Múinteoirí Treoirghairme, agus cuairteanna ar an gcampas ó scoileanna. Ní beag an obair a bhíonn ar bun ag an bhfoireann earcaithe chun réamheolaire fochéime a chur le chéile chomh maith le hábhair earcaithe eile idir chóipeanna crua agus chóipeanna digiteacha. Rinneadh iarrachtaí breise chun iarratasóirí fochéime neamh-AE a earcú sa timthriall earcaithe seo. Nuair a dúnadh campas COC de dheasca shrianta COVID-19 i mí an Mhárta 2020, aistríodh na gníomhaíochtaí earcaithe go léir do mhic léinn go dtí ardáin ar líne. Cuireadh raon leathan gníomhaíochtaí earcaithe fíorúla ar bun, agus lean siad seo ar aghaidh fad is a bhíothas in ann athrú a dhéanamh ar fhoirm an CAO. Ar na gníomhaíochtaí a reáchtáladh, bhí imeacht Ceisteanna agus Freagraí ar éirigh thar barr leis ar an 12 Bealtaine, mar ar thug 3,000 duine cuairt air agus mar ar freagraíodh 600 ceist. Reáchtáladh imeachtaí beo Ceisteanna agus Freagraí eile idir 22-25 Meitheamh a bhain le coláistí ar leith. D'ainneoin na ndúshlán, d'éirigh go maith leis an timthriall earcaithe, agus tháinig méadú ar líon na n-iarratas CAO mar chéad rogha. Díol suntais an t-ardú de 8.5% ar chlárú fochéime neamh-AE.


Aontaí agus imeachtaí domhanda a bhí mar chuid d'iarrachtaí fisiciúla earcaithe iarchéime mar aon le Lá Oscailte Ar Champas i mí Feabhra 2020. Ó Mhárta 2020, chuaigh na gníomhaíochtaí earcaithe ar líne. Lean raon leathan gníomhaíochtaí earcaithe fíorúla le linn an tséasúir, i gcomhar le geallsealbhóirí na hollscoile uile. Bhí rath nach beag ar imeacht beo Ceisteanna agus Freagraí ar an 3 Meitheamh, mar ar chuir níos mó ná 1,000 cuairteoir nach mór 487 ceist. Reáchtáladh aontaí domhanda le linn an tséasúir, i gcomhar le hOideachas Éireann agus le geallsealbhóirí domhanda eile. De bhua na n-iarrachtaí earcaithe, tháinig méadú nach beag ar iarratais AE agus neamh-AE, rud a d'fhág go raibh méadú de 410 mac léinn iarchéime i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tháinig méadú de 32% ar ráta na mac léinn fochéime ón AE ó bhliain go bliain. Tháinig dúshláin COVID-19 salach ar phleananna na mac léinn idirnáisiúnta agus tháinig laghdú de 31% ar an méid a chláraigh.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim







## Buaicphointí Iontrála

### Iontráil Fochéimithe

Bhí 105 mac léinn fochéime breise ná mar a rabhthas ag súil leo nuair a chuathas i mbun pleanála don bhliain 2019/20 (Tábla 1). D'aithin Foireann Bainistíochta na hOllscoile mar chuspóir straitéiseach go méadófaí líon na mac léinn fochéime idirnáisiúnta.

**Tábla 1.**
**An méid a rabhthas ag súil leis i gcomparáid le méid fírinneach na bhfochéimithe**

| | Líon a rabhthas ag súil leis 2019/20 | Líon fírinneach 2019/20 | Líon Mhic Léinn na Chéad Bhliana 2019/20 |
|---|---|---|---|
| **AE** | 3,771 | 3,858 | 3,636 |
| **Idirnáisiúnta** | 177 | 195 | 163 |
| **Iomlán** | 3,948 | 4,053 | 3,799 |

### Iontráil Iarchéimithe

1,781 líon iomlán mhic léinn iarchéime an AE don bhliain 2019, méadú de 14% ar an mbliain roimhe. Ar an iomlán, próiseáladh 4,163 iarratas idirnáisúnta, méadú de 23% ar an mbliain roimhe. Bhí an líon mac léinn neamh-AE níos airde ná riamh le 643 mac léinn a chláraigh do chláir iarchéime mhúinte go dtí seo, méadú de 19% ar líon na bliana roimhe. Na margaí is rathúla ná an India, an tSín agus SAM.

Cé gur gnóthaíodh méaduithe suntasacha, idir an AE agus lasmuigh de, bhí 172 mac léinn níos lú ná mar a rabhthas ag súil leo don bhliain 2019/20 (Tábla 2). Tá na spriocanna fáis uaillmhianacha ann le haghaidh iarchéimithe, faoi réir ag an gcuspóir chun an cóimheas idir fochéimithe agus iarchéimithe a chothromú.

**Tábla 2.**
**An méid a rabhthas ag súil leis i gcomparáid le méid fírinneach na n-iarchéimithe**

| | Líon a rabhthas ag súil leis 2019/20 | Líon fírinneach 2019/20 |
|---|---|---|
| **Iarchéimithe an AE** | 1,819 | 1,781 |
| **Iarchéimithe Idirnáisiúnta** | 679 | 643 |
| **Iarchéimithe an AE** | 268 | 207 |
| **Iarchéimithe Idirnáisiúnta** | 95 | 58 |
| **Iomlán** | 2,861 | 2,689 |

An chuid is mó de na hiarchéimithe, tugann siad faoi chláir mhúinte, agus gan ach 10% cláraithe do chláir taighde. D'aithin Foireann Bainistíochta na hOllscoile mar chuspóir straitéiseach go méadófaí líon na mac léinn iarchéime idirnáisiúnta.

### Iondochtú, Tacaíocht agus Coinneáil Mhic Léinn na Chéad Bhliana

Comheagraíonn na hOifigí Iontrála na cláir ionduchtaithe do mhic léinn nua uile, idir fhochéime agus iarchéime, mhúinte agus thaighde. Braitheann an dul chun cinn ó thaobh ionduchtaithe de ar an ollscoil go léir, rud a chuireann le cumas na mac léinn a gcuid staidéar a dhéanamh go héifeachtach. Cuspóir tosaíochta don Aonad Earcaíochta agus Iontrála is ea ráta coinneála rathúil agus cinntiú go leanfaidh mic léinn na chéad bhliana ar aghaidh san ardoideachas. Leagann Plean Straitéiseach COC 2017-2022 cuspóir de ráta coinneála mhic léinn na chéad bhliana de 92%. Tá ráta coinneála de níos mó ná 90% ag ceithre chúrsa fochéime is daichead (70%). Tá COC mar cheannaire i gcónaí san ardoideachas in Éirinn agus ráta coinneála mhic léinn 2018 ag 92.3%. 94% ráta coinneála mhic léinn na chéad bhliana sa bhliain 2019, agus d'fhéadfaí a áiteamh gurbh é seo an ráta ab fhearr ar bhonn náisiúnta nó idirnáisiúnta fiú.

### Staidéir Iarchéime

Mar ollscoil diantaighde, príomhthosaíocht is ea iarchéimithe taighde agus a gcuid taithí. Bhí COC ceannródaíoch maidir le réimse ceardlann agus modúl a fhorbairt

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim








mar thaca le mic léinn dochtúireachta agus mháistreachta le linn a dturais iarchéime agus ina dhiaidh sin. Ní hamháin go bhfuil ár n-iarchéimithe taighde lonnaithe gar do COC, ach tá siad lonnaithe in áiteanna eile i gCúige Mumhan, in Éirinn agus thar lear agus tá iarchéimithe idir lán- agus pháirtaimseartha againn. Faoi réir ag an bPlean Straitéiseach, d'aithin Déan na Staidéar Iarchéime go raibh gá le soláthar solúbtha na gcúrsaí, rud a tháinig go mór chun solais ag tosach phaindéim COVID-19. Mar sin sa bhliain 2020, bhí gach iarchéimí taighde in ann páirt a ghlacadh in iondochtú taighde 'beo' trí *MS Teams* agus iad a bhí nach mór críochnaithe, bhí siad in ann tabhairt faoi cheardlanna ó chian mar gheall ar '*Surviving the Viva Voce*'. Ina theannta sin, is féidir tabhairt faoi raon modúl taighde a bhfuil creidiúintí ag dul leo ó chian ar *Canvas*, agus seisiúin idirghníomhacha 'bheo' ag baint leo chun feabhas a chur ar eispéireas foghlama na mac léinn. An t-aistriú seo go dtí stíl eile teagaisc is cúis le méadú suntasach ar rannpháirtíocht na mac léinn taighde sna ceardlanna agus modúil seo.

### Clár Mhic Léinn Chumasacha Quercus


Seo an séú bliain den chlár scoláireachta seo agus fuair sé iomlán de 217 iarratas ina cheithre shraith don bhliain acadúil 2019–2020. Ar an iomlán, bhí 19 scoláire Quercus nua: ochtar Scoláirí Spóirt, cúigear Scoláirí sna hEalaíona Cruthaitheacha agus sna Taibhealaíona; Scoláire Nuálaíochta/Fiontraíochta amháin mar aon le cúigear Scoáirí Ollscoile. Ar bhuaicphointí na bliana acadúla 2019-2020 bhí:

- Bhuaigh Paul O'Donovan, Scoláire Spóirt Quercus, an bonn óir i gcomórtas céaslaire beirte éadrom-mheáchain na bhfear ag Craobhchomórtas Domhanda na Rámhaíochta san Ostair, agus fuair scoláire Quercus Ronan Byrne bonn airgid i gcomórtas céaslaire beirte na bhfear. An tseachtain ina dhiaidh sin, bhuaigh Ronan bonn óir ag Craobhchomórtas Rámhaíochta na hEorpa Faoi 23.

- Bronnadh Gradam ar Vera Stojanovic dar teideal an *Talloires Network COV-AID Student Engagement Award*, agus d'eisigh beirt scoláirí na nEalaíon Cruthaitheach agus na dTaibhealaíon, Kyle Macaullay agus Nicole Delaney, a gcéad album dar teideal *Barra Taoide*.

### Clár Thréithe an Chéimí

Ó sheoladh rathúil **Chlár Thréithe an Chéimí** (GAP) i mí Mhéan Fómhair na bliana 2019, rinneadh an-chuid oibre i gcomhar idir mic léinn agus baill foirne ar fud na hollscoile, d'fhonn feasacht mar gheall ar an gclár a thiomsú agus d'fhonn cúig thréith an chéimí agus na cúig chroíluach a chur faoi réir ag an gcuraclam acadúil mar aon le gníomhaíochtaí comh- agus seach-churaclaim. Bunchuspóir an chláir ná turas rathúil a chumasú do mhic léinn, a ullmhóidh iad don am atá le teacht agus trí phríomhthionscadal in úsáid:




- **Tionscnaimh um Aistriú Isteach:** tá siad seo mar theoir do mhic léinn chun an clár ceart a roghnú dóibh féin, agus ag an am céanna, cuireann siad leis an rochtain ó ghrúpaí nach bhfuil ionadaíocht mhaith acu san ardoideachas chomh maith le rátaí coinneála na chéad bhliana a fheabhsú.

- **Tionsnaimh um Aistriú Tríd:** cuireann siad seo spriocthacaíochtaí ar fáil chomh maith le hoiliúint scileanna agus forbairt thréithe an chéimí a théann níos fairsinge ná eolas ar ábhar disciplíneach agus ar féidir iad a chur i bhfeidhim ar chomhthéacsaí an tsaoil i gcoitinne.

- **Tionscnaimh um Aistriú Amach:** ullmhaíonn siad seo mic léinn na céime chun aistriú isteach sa timpeallacht ghairmiúil, rud a shásaíonn cuspóirí Threoir Institiúideach Infhostaitheachta agus Fostaíochta COC.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim








**Ar bhuaicphointí na bliana acadúla tá:**

- Seoladh an Zón Rathúlachta, áis chuimsitheach na foghlama fíorúla do mhic léinn COC. Tá seo á stiúradh ag Ionad na Scileanna mar chomhthionscnamh le GAP, na Seirbhísí TF agus an Leabharlann.
- Forbraíodh sraith **físeán** d'Eispéireas an Champais trí Réaltacht Fhíorúil 360 céim tar éis próisis inar oibríodh go dlúth le comghleacaithe ar fud na hollscoile. Ceadaíonn an t-eispéireas lántumtha seo rochtain ar an gcampas aon uair, pé áit agus ar ghléas ar bith.
- Aistriúchán ar Thréithe an Chéimí i dteangacha éagsúla. Bhí baint ag mic léinn mar chomhchruthaitheoirí ar an gceamara agus taobh thiar de. Seoladh an chéad fhíseán as **Mandairínis** i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus toscaireacht d'ollscoileanna Síneacha comhpháirtíochta ar cuairt. Eisíodh an dara físeán as **Gaeilge** ar Lá Fhéile Pádraig 2020.
- I gcomhar le hOifig na Staidéar Iarchéime agus *Blackstone LaunchPad*, cúis ónóra do GAP é tacú le himeacht ildisciplíneach dhá lá dar teideal **Dúshlán agus Taispeántas Iarchéime**, smaoineamh de chuid Michael B. Vaughan, mac léinn PhD i gColáiste an Leighis agus na Sláinte.
- Eisíodh dhá fhíseán i rith an tsamhraidh: '*Developing a Growth Mindset*' a deineadh i gcomhar leis an Dr Eithne Hunt, Comhairleoir Acadúil do Chlár Thréithe an Chéimí, agus '*Tips for Minding Your Mental Health*' i gcomhar le comghleacaithe i gComhairleoireacht agus Forbairt na Mac Léinn.
- D'éascaigh GAP comhthionscadal idir Seirbhís na nGairmeacha de chuid COC agus Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta chun sraith iomlán a fhorbairt de 30 treoir infhostaitheachta agus fostaíochta le haghaidh disciplíní ar leith.
- D'fhorbair Seirbhís na nGairmeacha sraith d'ocht gceardlann ar théamaí éagsúla a bhaineann le scileanna infhostaitheachta i gcomhar le GAP.

## Eispéireas na Mac Léinn

**Dámhachtainí Oideachais 2020 – Gradam um Eispéireas na Mac Léinn is Fearr do COC**

Bhuaigh COC an Gradam um Eispéireas na Mac Léinn is Fearr ag Dámhachtainí Oideachais 2020. Aithníonn na gradaim seo barr feabhais in earnáil an oideachais tríú leibhéal ar oileán na hÉireann in institiúidí arna maoiniú ag an Stát agus ar bhonn príobháideach araon. Spreagann siad é agus déanann siad é a cheiliúradh. Léiríonn catagóirí na ndámhachtainí na príomhréimsí a théann i bhfeidhm ar dhul chun cinn na mac léinn agus tapaíonn siad deiseanna d'institiúidí oideachais go n-aithneofaí a gcuid éachtaí sna gnéithe éagsúla dá gcuid oibre.

**An Mol**

Osclaíodh an **Mol**, arna dhearadh ag na hailtirí *O'Donnell and Tuomey*, ar an 6 Eanáir 2020. Spás ionchuimsitheach agus sóisialta i gceartlár an champais atá sa Mhol agus éascóidh sé pobail foghlama, gréasáin, caidreamh mac léinn, idirnáisiúnú agus soláthar seirbhísí ar mhaithe leis na mic léinn. Beidh an foirgneamh mar chabhair chun An Straitéis Acadúil a chur i bhfeidhm agus beidh spásanna nua ann le haghaidh cruthaitheachta, nuálaíochta agus comhoibrithe idir disciplíní i dtimpeallacht thacúil. Freagraíonn sé do Chuspóir 5 de Phlean Straitéiseach COC 2017-2022 agus tacaíocht á tabhairt aige do chruthú '*a seamless student-centred administrative, academic and extracurricular experience*'. Dearadh comhaimseartha atá san fhoirgneamh mar a bhfuil raon éagsúil spásanna ar cheithre urlár. Spás le haghaidh imeachtaí éagsúla is ea an tAitriam agus é seo mar an gcuid is mó den chéad urlár. Tá an Spás Déantúsaíochta ar urlár na talún chomh maith agus cuireann sé spás ar fáil do mhic léinn chun dul i mbun oibre ar thionscadail chruthaitheachta. Tá Brú an Domhain ar an gcéad urlár agus spás ar leith is ea é seo do dhaoine chun suí agus oibriú lena cheile i dtimpeallacht dhinimiciúil. Tá na Céimeanna mar spás solúbtha do dhaoine chun tabhairt faoi thionscadail nó chun cainteanna agus imeachtaí a reáchtáil. Tá seo lonnaithe ar an gcead urlár. Tá réimse spásanna oibre ar an tríú hurlár, seomraí staidéir beaga agus móra agus spásanna foghlama oscailte san áireamh. Tá Seomra Dora Allman ar an gceathrú hurlár chomh maith le Seomra Lucy E Smith mar a bhfuil Fuinneog Faire a thugann radharc álainn fhairsing ar

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim







phríomhchampas COC agus ar an gcathair taobh thiar de.

Athróidh an Mol an tslí ina dtugann an ollscoil tacaíocht do shaol na mac léinn agus beidh sé níos fusa agus níos saoráidí teacht ar sheirbhísí. Is ann a fhaightear raon seirbhísí agus gníomhaíochtaí do mhic léinn mar aon le spásanna agus áiseanna foghlama agus teagaisc. Orthu seo tá: Cumainn na Mac Léinn; Clubanna na Mac Léinn; Lárionad na Mac Léinn, Seirbhís na nGairmeacha; Seirbhísí Tacaíochta na Mac Léinn faoi Mhíchumas; Oifig na Mac Léinn Lánfhásta; Scoláireachtaí agus Duaiseanna; Raidió an Champais; na foilseacháin ollscoile *University Express* agus *Motley*. Infheistíocht nach beag i dtodhchaí na hollscoile is ea an foirgneamh nua seo agus feabhas á chur againn ar ár gcuid áiseanna agus spásanna mar thaca le heispéireas na mac léinn agus le barr maise a chur ar chúrsaí acadúla.

### Seirbhís na nGairmeacha

Faoi mar a dhein comghleacaithe eile san ollscoil, thug foireann Sheirbhís na nGairmeacha faoi chianobair, agus chuir na geallsealbhóirí ar fad sócmhainní digiteacha úra agus idirghníomhacha ar fáil chun tacú le mic léinn. Chuir an t-aistriú seo go dtí an domhan digiteach le nuálaíocht agus cumas chun freastal ar bhreis mac léinn – seimineáir ghréasáin ar líne, ceardlanna aonair agus do ghrúpaí, imeachtaí fíorúla, ceardlanna ó fhostóirí, ábhar taifeadta faoi ghairmeacha beatha ar mhaithe leis na mic léinn.

### Mol Bhliain na Céime

Tar éis don rialtas ordú dianghlasála a fhógairt d'oibrigh an fhoireann comhairleoireachta i gcomhar chun rannóg nua ar shuíomh idirlín Sheirbhís na nGairmeacha a sholáthar d'fhonn tacú le mic léinn i mbliain na céime agus iad ag dul i ngleic le dúshlán an marghaidh saothair tar éis COVID-19.

Cuireann an rannóg seo comhairle phraiticúil, atá bunaithe ar fhianaise, do mhic léinn i mbliain na céime chun a ngairmeacha a fhorbairt in ainneoin an gheilleagair reatha. Is féidir le mic léinn teacht ar acmhainní oideachais féinfhreastail as a stuaim féin a mhúineann scileanna dóibh chun post a lorg, agus is féidir leo slite nua a fhoghlaim chun scileanna a fhorbairt a bhaineann le cúrsaí oibre agus iad ag ag gabháil do róil dheonacha, obair sa phobal, cianobair agus pleananna gairmeacha eile.

### Ag Tacú le hAistriú go dtí Saol na hOibre nó Staidéar Breise


Tugtar anseo thíos achoimre ar ghníomhaíochtaí a reáchtáladh mar thaca le mic léinn lena gcuid pleanála gairmiúla agus acadúla sa bhliain 2019–20:

- Cuireadh 3,101 seisiún comhairleoireachta duine le duine mar gheall ar ghairmeacha ar fáil do mhic léinn COC le linn 2019/2020.
- Tharla 566 de na seisiúin seo ar *MS Teams* agus *Google Meet*.
- Cuireadh 259 ceardlann ghrúpa ar fáil chomh maith le clinicí agus cur i láthair do mhic léinn reatha, mic léinn ionchasacha, an fhoireann agus daoine lasmuigh le linn 2019-2020.
- Forbraíodh Mol Foghlama Sheirbhís na nGairmeacha nua ar ardán *Canvas* sa bhliain 2020 agus is spás foghlama é seo do na mic léinn go léir chun teacht ar ábhar a bhaineann le gairmeacha beatha.
- D'fhógair 736 comhlacht 1,819 deis fostaíochta agus intéirneachta do chéimithe.
- D'fhógair eagraíochtaí seachbhrabúsacha, sibhialta agus sóisialta 742 deis oibre deonaí ar an gcóras le linn 2019-2020.
- I samhradh na bliana 2020, thug Seirbhís na nGairmeacha faoi dhianfheachtas ar na meáin shóisialta a dhírigh ar chaidreamh le fostóirí d'fhonn socrúcháin oibre a chur chun cinn don bhliain acadúil 2021.

Mar fhocal scoir, d'aistrigh foireann iomlán Sheirbhís na nGairmeacha go dtí an Mol ó Thithe Brighton i mí na Nollag 2019, rud a chuir go mór lenár gcuid seirbhísí, inrochtainteachta agus feiceálachta do mhic léinn agus sinn ar lárionad an champais mar a bhfuil teacht ar áiseanna comhairleoireachta nua agus feabhsaithe do mhic léinn.

CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim





**Séiplíneacht**

Chuir an tSéiplíneacht tacaíocht thréadach agus spioradálta ar fáil do líon mór de phobal COC mar a raibh mic léinn, baill foirne, alumni agus foireann ar scor. Pléigh an tSéiplínecht le tráma agus méala, ag tacú leo siúd a raibh duine muinteartha leo caillte. D'oibrigh an tSéiplíneacht go dlúth le ranna eile d'fhonn tacaíocht a chur ar fáil ar mhaithe le sláinte agus folláine na mac léinn agus na foirne. Bhí éiteas ilchreidmheach á chur chun cinn ag an tSéiplíneacht i gcónaí mar a gcuirtear fáilte roimh gach úsáideoir beag beann ar a gcúlra creidimh más ann dó in aon chor. Tá na séiplíní féin níos feiceálaí ná riamh agus iad i láthair go fisicúil ar an gcampas agus a gcuid seirbhísí á bhfógairt. Le linn dhúnadh an champais agus COVID-19 i réim, lean roinn na Séiplíneachta le seirbhís iomlán a chur ar fáil - a gcuid gníomhaíochta ar líne den chuid ba mhó. Bhí foireann na Séiplíneachta i láthair go fisiciúil ar an gcampas chomh mór agus ab fhéidir le linn na tréimhse.

## Saol na Mac Léinn

Téama nua is ea Saol na Mac Léinn a chuimsíonn Cumainn Mhic Léinn COC, gníomhaíochtaí sláinte agus sábháilteachta na mac léinn, iostas agus saol an phobail, Campas Ar Aire, riarachán Aontas na Mac Léinn, Raidió an Champais agus Meáin Chumarsáide na Mac Léinn. Bunaíodh é seo sa bhliain 2019 mar chuid d'athstruchtúrú straitéiseach laistigh d'Eispéireas na Mac Léinn. Réimse nua is ea é seo, á stiúradh ag Seamus McEvoy, agus é freagrach as príomhfhiedhmeanna a chur ar fáil mar thacaíocht do mhic léinn agus iad ar a dturas in COC.

**Cumainn na Mac Léinn**

Tháinig athrú ar chumainn le linn 2019-2020 agus lean siad lena gcuid sároibre ar líne agus gníomhachtaí rialta á reáchtáil acu dá gcuid ball ar nós: feachtais, féilte, cláir for-rochtana, seimineáir, agus imeachtaí sóisialta.

Ar na buaicphointí bhí:

- Reáchtáil na cumainn 2,069 imeacht ar bhonn pearsanta agus ar líne in 2019/2020.
- Bhailigh cumainn COC €200,000 do charthanachtaí i mbliana, in ainneoin gur cuireadh gnáthghíomhaíochtaí tiomsaithe airgid ar ceal i Márta 2020.
- Thug 1,196 ball coiste deonach a gcuid ama do chumainn.
- Aistríodh 327 imeacht de chuid na gcumann ar líne idir Márta agus Meán Fómhair 2020.
- Freastalaíonn 106 cumann gníomhach de chuid COC ar phobal mac léinn éagsúil agus ilghnéitheach.
- Bhí 23 seisiún oiliúna ar fáil do bhaill na gcoistí, rud a chur ar a gcumas a gcuid cumann a rith go héifeachtach agus scileanna inaistrithe a fhoghlaim don todhchaí (lena n-áirítear *SafeTalk Suicide Prevention, 'dealing with conflict*' agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann).
- Bunaíodh cúig chumann nua i mbliana: Leigheas Aistritheach; Sonraí agus Anailísíocht; Comharchumann; Comlachas na Mac Léinn Leighis in Éirinn (AMSI) agus Comhairliú.
- Bhuaigh cumainn de chuid COC cúig ghradam ag Gradaim Náisiúnta na gCumann, 2020, rud a fhágann gurbh iad na buaiteoirí ba mhó don dara bliain as a chéile.
- Léiríodh ómós do dhá chumann ag Gradaim Gaiscí Aontas na Mac Léinn in Éirinn: Bhuaigh Cumann Ailse de chuid COC an gradam mar na Seaimpíní Carthanachta ab Fhearr agus bhuaigh Cumann an Mháinlia Noonan gradam don Chumann ab Fhearr ar fad.

**Aontas na Mac Léinn de chuid COC**

I Márta 2020, reáchtáil mic léinn reifreann agus vótáil siad chun bunreacht nua Aontas na Mac Léinn a fhaomhadh. Tharla seo nuair a bhí toghcháin Aontas na Mac Léinn ar siúl sa bhliain 2020 agus toghadh seisear oifigeach sabóideach sular fógraíodh an chéad ordú dianghlasála i mí an Mhárta.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim








## Feachtais agus Imeachtaí

Thug Aontas na Mac Léinn faoi roinnt feachtas d'fhonn leas na mac léinn a chur chun cinn le linn na bliana. Orthu seo bhí:

- Ag obair le mic léinn COC i mí Lúnasa 2020 d'fhonn a chur ina luí ar an Roinn Ardoideachais breis maoinithe meabhairshláinte a chur ar fáil, agus ceapadh ceathrar ball foirne breise mar thoradh air seo i gComhairleoireacht agus Forbairt na Mac Léinn de chuid COC. Laghdaigh seo na tráthanna feithimh ó cheithre nó cúig cinn de sheachtainí ar an meán go dtí cúpla lá, agus breis tacaíochtaí éigeandála ar fáil do mhic léinn ata i mbaol práinneach.
- I gcomhar leis an nGarda Síochána, d'éirigh le Clár Vótaíochta Aontas na Mac Léinn de chuid COC 683 mac léinn breise a chlárú chun vóta a chaitheamh san Olltoghchán laistigh d'aon lá amháin.
- Bhí ról nach beag acu maidir le cosc a chur ar dhíbirt mhac léinn COC, Hazma Khan, agus bhailigh Aontas na Mac Léinn de chuid COC nach mór 7,000 síniú laistigh de chúpla lá.

## Leas na Mac Léinn

Tá Aontas na Mac Léinn ag éirí níos réamhghníomhaí chun dul i ngleic le ceisteanna mar gheall ar chruatan airgeadais agus bochtanas sa phobal mac léinn. I gcomhar le Cumann N Uinseann de Pól, bhunaigh an t-aontas banc bia sa bhliain 2019 chun cabhrú le mic léinn a raibh bochtanas bia mar dhúshlán acu agus chuir siad na céadta pacáistí bia ar fáil do mhic léinn. Cúis imní ab ea an nós a tugadh faoi deara a bhí ag fás i gcás mac léinn idirnáisiúnta agus lánfhásta a raibh a leithéid de thacaíocht á lorg acu. Dháil an t-aontas níos mó ná €20,000 mar chúnamh do mhic léinn a raibh deacrachtaí airgeadais tromchúiseacha acu, agus chabhraigh siad le costas cúraim leanaí do mhic léinn a raibh leanaí acu. Bhí na bearta seo ina gcabhair chun líon níos airde mac léinn a choinneáil san ollscoil. Cuireadh lenár gcuid iarrachtaí chun teacht i gcabhair ar mhic léinn a raibh deacrachtaí acu ó thaobh airgeadais mar fhreagra don phaindéim reatha nuair a cruthaíodh Ciste Carthanachta COVID-19 de chuid COC i mí an Mhárta.

## Tacaíocht Phobail do Mhic Léinn

Painéal de 50 mac léinn is ea Tacaíocht Phobail do Mhic Léinn (SCS) atá fostaithe ag Aontas na Mac Léinn trí huaire le linn na bliana acadúla: Seachtain na bhFreisear, Bál na nEalaíon agus Seachtain na nGiobal. Le linn Sheachtain na bhFreisear agus Sheachtain na nGiobal, téann foirne de thriúr mac léinn timpeall na sráideanna láimh leis an gcampas ó 8 i.n. go dtí 4 r.n. ó Dhomhnach go Déardaoin. Seo iad na príomhdhualgais a bhíonn orthu:

- Teacht i gcabhair ar mhic léinn i gcruachás;
- Cabhrú le háitritheoirí a bhfuil deacrachtaí acu le mic léinn a bhíonn i mbun iompair fhrithshóisialta;
- Na Gardaí a chur ar an eolas faoi iompar frithshóisialta;
- Boscaí bruscair a leagadh a chur ina gceart agus buidéil, cannaí agus bruscar eile a bhaint ó na sráideanna.

Le himeacht na mblianta, tá laghdú suntasach tagtha ar líon na n-imeachtaí frithshóisialta a taifeadadh, a bhuí le gníomhaíocht mhéadaithe SCS, go háirithe ón mbliain 2019 nuair a dúblaíodh líon na foirne istoíche ó 18 ar an meán go dtí 36.

## Iostas agus Saol an Phobail

Ta Iostas agus Saol an Phobail (ACL) freagrach as comhairle a chur ar mhic léinn faoi chúrsaí iostais agus a bheith mar urlabhraí dóibh, as an ardán cuardaigh ar líne *StudentPad*, Campas Ar Aire, Saol na nÁitritheoirí agus Caidreamh Pobail.

Oibríonn ACL le comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha d'fhonn an chomhairle chuí a chur ar fáil agus lóistín oiriúnach a aimsiú do gach mac léinn nuair is gá. Cuireann ACL seirbhís socraithe lóistín ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta agus do mhic léinn na chéad bhliana go háirithe:

## Seirbhís Iostais Idirnáisiúnta

- Lorg 1,414 mac léinn idirnáisiúnta lánaimseartha, idir fho- agus iarchéime, cabhair ón tseirbhís, méadú de níos mó ná 33% ar an mbliain roimhe.

## CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim








- Rinne an tseirbhís lóistín a thairscint do 957 mac léinn, méadú de 51% ar an mbliain roimhe.
- Ghlac 466 le lóistín a d'aimsigh ACL.

Tairgeadh, nó aimsíodh, lóistín sábháilte do na mic léinn idirnáisiúnta go léir.

**Seirbhís Iostais na Chéad Bhliana**

- Dhearbhaigh 575 mac léinn na chéad bhliana nach raibh lóistín cuí faighte acu le linn na dtrí lá tar éis dóibh tairiscint CAO a fháil (méadú de 1% ar an mbliain roimhe).
- Dhearbhaigh 785 mac léinn na chéad bhliana nach raibh lóistín cuí faighte acu le linn na sé lá tar éis dóibh tairiscint CAO a fháil.

Rinne ACL cumarsáid le gach mac léinn chun deimhin a dhéanamh de go bhfuair gach duine tairiscint de lóistín oiriúnach don bhliain acadúil, nó go raibh amhlaidh aimsithe acu.

***StudentPad***

Cheannaigh ACL ardán cuardaigh iostais ar líne sa bhliain 2019 a chabhraíonn le mic léinn reatha agus ionchasacha de chuid COC tithe príobháideacha nó seomraí ar cíos a fháil. Déanann ACL an suíomh a riaradh agus é ar fáil dóibh siúd amháin atá cláraithe cheana féin nó atá le clarú in COC.

**Clár Shaol na nÁitritheoirí**

Sa bhliain 2019, bhain ACL, i gcomhar leis an gClár Piarthacaíochta, triail as Clár Shaol na nÁitritheoirí. Rinne mic léinn an clár tacaíochta tréadaí seo a dhearadh dá gcomh-mhic léinn. Tá sé mar aidhm ag an gclár pobail agus cairdis fhadtéarmacha idir mic léinn atá ina gcónaí as baile in áitreabh de chuid COC a thógáil. Mic léinn idirnáisiúnta iad seo den chuid ba mhó. Cé gur cuireadh críoch luath leis an gclár de dheasca na paindéime, bhíodh 50 mac léinn ar an meán ag freastal ar gach imeacht.

**Campas Ar Aire**

Pléann Campas Ar Aire le gearáin fhoirmiúla a dhéantar faoi mhic léinn chláraithe de chuid COC agus an seans ann gur sáraíodh ceann de rialacha mhic léinn COC.

- Rinne áitritheoirí áitiúla, na Gardaí, baill foirne agus mic léinn 79 gearán faoi mhic léinn COC le linn an bliana acadúla 2019/2020. Fágann seo gur tháinig laghdú de 18% ar líon na ngearán idir 2018/19 agus 2019/20 agus laghdú de níos mó ná 50% ó 2017/18.
- Mar thoradh ar an gcomhoibriú leanúnach idir COC, Aontas na Mac Léinn, áitritheoirí, na Gardaí agus geallsealbhóirí eile:
  - Tháinig lagdú le linn Sheachtain na bhFreisear, 2019 de 30% ar Sheachtain na bhFreisear, 2018 agus de níos mó ná 70% ar Sheachtain na bhFreisear, 2017.
  - Tháinig laghdú le linn Sheachtain na nGiobal, 2020 de 12% i gcomparáid le Seachtain na nGiobal, 2019 agus laghdú de 33% i gcomparáid le Seachtain na nGiobal, 2018.
- Bailíodh €6,350 do Chiste Carthanachta (Bronntóirí) na Mac Léinn sa bhliain acadúil 2019/20 a tháinig ó shíntiúis charthanachta agus fíneálacha ó Champas ar Aire.

**Caidreamh Pobail**

Feidhmíonn ACL mar nasc idir an ollscoil agus an ceantar máguaird. Pléann ACL le geallsealbhóirí uile agus na nithe seo leanas á reáchtáil aige:

- Cruinnithe Chumann na nÁitritheoirí
- Fóram Sábháilteachta Chorcaí Theas
- Cruinnithe Bhainistiú Cheantair Shráid Anglesea


Sa bhliain 2019, rinne ACL 1,500 leabhrán faoi Shaol an Phobail a dháileadh ar gach teach áitiúil sa cheantar, ainar leagadh béim ar 'Meas agus Fregracht', dualgais na mac léinn laistigh agus lasmuigh dá n-áitreabh ar cíos, cearta tionóntachta, agus seirbhísí tacaíochta de chuid COC.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim





**Tionchar COVID-10 ó Eanáir 2020 go dtí Meán Fómhair 2020**

D'oibrigh ACL go dlúth leis an Oifig Idirnáisiúnta agus an fhoireann cláir um 'Aistrithe Isteach' d'fhonn treoir a fhorbairt faoi ghluaiseachtaí a laghdú. Chuir an treoir ar chumas na mac léinn idirnáisiúnta nua a gcuid freagarachtaí a thuiscint nuair a d'fhill siad ar Chorcaigh. As lámha a chéile a bhí an obair idir ACL agus an Oifig Idirnáisiúnta agus an clár '*Meet and Greet*' á ullmhú i gcaitheamh an tsamhraidh, fad is a bhíothas ag cabhrú le mic léinn lóistín oiriúnach a aithint agus srianta ar a gcuid gluaiseachta.

**UCC 98.3FM**

Bhog UCC 98.3 FM isteach ina bhaile nua sa Mhol i mí an Mheithimh 2020. Thug an stáisiún faoi phróiseas athbhreithnithe chomh maith an tráth úd a léirigh go bhfuil an stáisiún solúbtha agus inoiriúnaithe i dtaca le forbairtí teagaisc agus teicneolaíochta agus é mar áis luachmhar do mhic léinn agus baill foirne. Bailíodh le chéile faoi aon díon amháin UCC 98.3 FM, an t-irisleabhar *Motley* agus an nuachtán *UCC Express* (Meáin Chumarsáide na Mac Léinn) sa Mhol, agus beidh dearadh agus fealsúnacht an fhoirgnimh féin le feiceáil i Meain Chumarsáide na Mac Léinn agus é le bheith ina spás foghlama solúbtha agus dírithe ar na mic léinn. Bainfidh Meáin Chumarsáide na Mac Léinn leas as fráma agus croíluachanna chlár thréithe an chéimí, rud a chabhróidh leo a gcuspóir a chomhlíonadh chun tacú le gníomhaíochtaí seach- agus comhchuraclaim, agus a chuirfidh barr maise ar eispéireas na mac léinn agus a chabhróidh le mic léinn a bheith ina gcruthaitheoirí, meastóirí agus cumarsáidithe eolais.

**Rochtain agus Rannpháirtíocht**

D'ainneoin dhúshláin COVID-19, bhí bliain rathúil agus tháirgiúil ag Rochtain agus Rannpháirtíocht le linn 2019-2020. I mí na Nollag 2019, d'aistrigh an fhoireann Rochtana isteach sa Mhol i gceartlár an champais. Bhí tábhacht nach beag ag baint leis aistriú isteach in oifigí sainchuspóra don fhoireann Rochtana a ndearnadh athstruchtúrú uirthi le déanaí. Tá an fhoireann lonnaithe ar an gcéad urlár sa Mhol rud a fhágann go bhfuil an fhoireann de 30 in áit níos lárnaí a bhfuil teacht orthu go furasta. Agus na seirbhísí Rochtana lonnaithe i lár an champais, tá siad níos feiceálaí ná riamh, agus toisc go bhfuil na seirbhísí tacaíochta eile do mhic léinn sa Mhol chomh maith, tá breis deiseanna ann maidir le comhoibriú agus caidreamh, rud a fhágann go bhfuil feabhas tagtha ar an eispéireas dár gcuid mac léinn go léir.

Ar Chosáin Rochtana a tháinig 23% de mhic léinn na chéad bhliana de chuid an CAO isteach sa bhliain 2019/2020

| Iontrálacha trí Chosáin Rochtana 2019/20 | |
|---|---|
| Bealach na Mac Léinn Lánfhásta | 193 |
| Bealach DARE | 251 |
| Bealach HEAR | 208 |
| QQI FE | 195 |
| Iontógáil Iomlán Rochtana | 847 |
| Iontógáil Iomlán COC AE CAO | 3,637 |
| Rochtain % | 23% |

**Forbairtí nua:**


- Tá éagsúlacht curtha ag COC ina chur chuige i leith for-rochtana bunaithe ar na rátaí rannpháirtíochta ísle i gceantair áirithe sa chathair. Ceapadh comheagraí um Breisoideachas go dtí Ardoideachas i mí na Samhna 2019 chun tionscamh i gcomhar a stiúradh le Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Cuireadh leis an nasc idir Breisoideachas agus Ardoideachas agus díríodh ar mhic léinn ó scoileanna DEIS mar phríomhthosaíocht.

- D'éirigh thar barr leis an gclár um Cheannaireacht sa Phobal arna mhaoiniú ag *PATH 3* do mhná ón lucht taistil i gCorcaigh agus Ciarraí arna reáchtáil ag Oideachas do Dhaoine Fásta agus Oideachas Leanúnach de chuid COC i gcomhar le Gréasán Sláinte an Lucht Taistil sa Deiscirt (STHN). Chuir 22 rannpháirtí críoch lena gcúrsa ar Leibhéal 6, agus léirigh an chuid ba mhó díobh gur mhian leo leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéar agus Leibhéal 7 a chur díobh sa bhliain 2020/21.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim


An Dr Naomi Masheti





- Fuair Seirbhís Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas maoiniú ón gciste *Cumas chun Oibre* agus ó *RETHINK* Éireann d'fhonn cur lena sárchlár rathúil meantóireachta. Déanann an clár mic léinn atá faoi mhíchumas a nascadh le meantóir gairmiúil ar feadh bliana acadúla agus cuireann sé deis iontach ar fáil dóibh a gcuid scileanna infhostaitheachta a fhorbairt.

- Ollscoil a Thacaíonn le hUathachas: Rinneadh athdhearadh ar Shean-Tábhairne na hollscoile mar spás inrochtana agus a thacaíonn le huathchas ar a dtugtar An Ceantar Ciúin, ina bhfuil áiseanna sóisialta agus faoisimh ar fáil do raon mac léinn, go háirithe mic léinn atá ar speictream an uathachais. Tá fáiltiú sa spás mar aon le limistéar plean oscailte, seomraí céadfacha, agus spásanna faoisimh, bia agus ceardlann. Cuireadh prionsabail a bhaineann le hinrochtaineacht agus a thacaíonn le huathchas i bhfeidhm ar dhearadh an spáis seo den chéad scoth atá lonnaithe i gceartlár an champais.

- ***Autism & Uni Toolkit***: Ghlac COC leis an *Autism & Uni Toolkit* arna mhaoiniú ag an AE do chomhthéacs COC. Tá se mar aidhm ag an tionscnamh seo treoir shoiléir a chur ar fáil do mhic léinn faoi gach gné de shaol an choláiste d'fhonn imní a laghdú.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá gradam cré umha institiúideach de chuid *Athena SWAN* ag COC, nuair a d'éirigh leis a chreidiúnú a athnuachan faoin gcairt bhreisithe i mí na Samhna 2019. Tá gradaim chré umha roinne ag ocht scoil i láthair na huaire: Cógaisíocht, Ceimic, BEES, Eolaíochta Bia agus Cothaitheacha, Altranas agus Cnáimhseachas, Scoil agus Ospidéal na Fiaclóireachta, Sláinte Phoiblí agus Roinn na gCóras Faisnéise Gnó.

Ó seoladh an **Polasaí maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne**, tá níos mó ná 30 mac léinn tar éis dul isteach ann. Tháinig seachtar Scoláirí Tearmainn eile isteach in COC i Meán Fómhair na bliana 2019 tríd an dara bliain den scéim um Scoláireachtaí Tearmainn d'iarrthóirí tearmainn agus do theifigh. Reáchtálann an tAonad EDI an scéim seo i gcomhar le Meitheal Tearmainn na hOllscoile agus cabhair a fáil acu ó *UCC PLUS+*, Oifig na Mac Léinn Lánfhásta agus an Oifig Iontrála. I gcomhar leis an Meitheal Tearmainn, d'oibrigh an tAonad EDI ar thionscnaimh eadhon an **Ciste Tearmainn**, a thug fóirdheontais do thionscaimh éagsúla a bhain le teifigh, ar nós an tionscnaimh a bhuaigh gradam dar teideal an *Sanctuary Masks Initiative*.

Reáchtáladh imeachtaí uile-ollscoile mar chuid de Sheachtain Chomhionnanais 2020 - lena n-áirítear Siompóisiam bliantúil agus Gradam Comhionnanais *Athena SWAN* de chuid an Uachtaráin - agus Seachtain na dTeifeach, 2020. Tá na cainteanna a tugadh ar fáil ar ár suíomh idirlín. Bhí an tAonad EDI i gceannas ar athdhearadh an chláir oiliúna ar líne ón *Equality Network LEAD* (*Living Equality and Diversity*) de chuid Chumann Ollscoileanna Éireann, a sheolfar ar ball.

## Ionad na Gaeilge Labhartha

Tá COC ag fás agus ag forbairt i gcónaí faoi réir ag Cuspóirí Straitéiseacha 2017-2022 de chuid na hollscoile. Faoi réir ag Cuspóir a hAon, leantar le cúrsaí creidiúnaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil sna ceithre choláiste in COC, iad ar fáil do mhic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta an Leighis, na Sláinte Poiblí, agus na hEolaíochta Ríomhaireachta. Cuirtear barr feabhais ar chúrsaí do mhic léinn iasachta i gcónaí. Tá clú agus cáil ar na cúrsaí deonacha, nach bhfuil creidiúintí ag gabháil leo, do mhic léinn agus baill foirne ar fud na hollscoile ar mhian leo snas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha. Téann na deiseanna maidir le caidreamh a bheith acu leis an dteanga bheo i gCorca Dhuibhne chun tairbhe go mór d'eispéireas na mac léinn. Díol suntais is ea obair ár gcomhghleacaithe i nDún Chíomháin ar mhaithe leis an Seimeastar Gaeltachta, rud a chuireann ar chumas mhic léinn dara bliain Ghaeilge agus Staire a gcéad seimeastar a chaitheamh ag maireachtaint agus ag foghlaim i gCorca Dhuibhne. Baintear leas i gcónaí as an dea-chleachtas idirnáisiúnta, ó thaobh foghlama agus teagaisc de, san obair seo.

Chuireamar ar bhonn cruthaiteach agus tairbheach le fás agus forbairt na Gaeilge i gCúige Mumhan agus sinn ag plé le grúpaí ar nós Ghael-Taca, boird

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim



**Sa ghrianghraf ar chlé:** An Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha (Leabharlannaí Oinigh, Coláiste na Rinne), An Dr Caitríona Ní Churtáin (Nua-Ghaeilge, COC), An tOll Pádraig Ó Macháin (Nua-Ghaeilge, COC), An tOll John O'Halloran, Aonghus Ó hEocha (Cathaoirleach, Coláiste na Rinne), Anne Marie Cooney (Oifig an Leas-Uachtaráin agus an Chláraitheora, COC), Treasa Nic Dhiarmada (Coláiste na Rinne), An Dr Mícheál Ó Drsileáin (Stiúrthóir, Coláiste na Rinne)



**Sa ghrianghraf ar chlé:** David Donoghue (sa lár) ag seoladh mhodúl UW 1201, i dteannta le mic léinn agus léachtóirí a bhí páirteach ann

bhainistíochta agus raon fairsing cúrsaí do bhaill an phobail á gcur ar fáil againn. Sa bhliain 2019-20, chuireamar arís lenár dtionchar idirnáisiúnta agus i dteannta leis an nGearmáin agus an Spáinn, táimid ag obair i gcomhar le hOllscoil Kwansei Gakuin sa tSeapáin. D'fhreastail baill foirne ar chomhdhálacha idirnáisiúnta agus bhí siad mar scrúdaitheoirí seachtracha in ollscoilenna i nDoire agus sa Spáinn.

Ar ghníomhaíochtaí for-rochtana eile de chuid an Ionaid bhí uas-sciliú múinteoirí, chun freastal ar an éileamh atá ar mhúinteoirí do Ghaelcholáistí a bhfuil ar a gcumas acu sainábhair a theagasc (na heolaíochtaí srl.). Chuige seo, lean na ranganna seachtainiúla dhá u.a.c. istoíche sa Ghaeilge do mhúinteoirí cáilithe ar aghaidh le linn an dá sheimeastar. Tá rang eile dírithe ar thacú le múinteoirí i nGaelcholáiste Mhic Shuibhne i gCnoc na hAoine agus tá seo ar bun le dhá bhliain d'fhonn cur ar chumas na múinteoirí uas-sciliú a dhéanamh ina gcuid ábhar teagaisc trí mheán na Gaeilge. Tá rath nach beag air seo.

D'aineoinn éifeacht COVID-19 sa dara leath den bhliain, bhí baint ghníomhach ag an bhfoireann lenár gcuid foghlaimeoirí agus d'aistrigh siad go tapaidh go dtí an timpeallacht ar líne. Is fíor an seanfhocal *Ní neart go cur le chéile* agus foireann ar an bpríomhchampas ag comhoibriú go dlúth le comhghleacaithe sa Nua-Ghaeilge d'fhonn measúnú ar líne a sholáthar agus roinn ár gcomhghleacaithe i nDún Chíomháin a gcuid eolais agus taithí go fial le comhghleacaithe dara leibhéal chun ábhar Gaeilge den chéad scoth a chur ar fáil do raon iomlán na n-ábhar Ardteistiméireachta.

Ar an 14 Feabhra 2020 shínigh COC agus Coláiste na Rinne Meamram Tuisceana maidir le comhoibriú oideachais, cultúir agus teanga. Ócáid stairiúil í seo a dhearbhaigh tiomantas leanúnach COC d'fhor-rochtain le pobail Ghaeltachta.

## An tIonad um Fhorbairt Dhomhanda

Bhí baint ag an Ionad um Fhorbairt Dhomhanda (CGD) le réimse gníomhaíochtaí chun Plean Straitéiseach 2019-22 de chuid CGD a chur i bhfeidhm, plean a seoladh i mí an Mheithimh 2019. Den chuid is mó tá gníomhaíochtaí CGD dírithe ar thacaíocht a thabhairt do chuspóir COC chun dul i ngleic le mórdhúshláin shochaíocha dhomanda atá sainmhínithe ag Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) de chuid na Náisiún Aontaithe. Tugadh faoi roinnt tionscnamh i dtaca le foghlaim agus teagasc. Mar chuid díobh seo, seoladh dhá mhodúl uile-ollscoile: UW 1201 '*Global Sustainable Development – Interdisciplinary Perspectives*', agus UW 0012 '*Development and Global Citizenship Education*'. Sheol iar-Ambasadóir do Bhuan-Mhisean na Náisiún Aontaithe, David Donoghue, UW 1201 in Eanáir na bliana 2020. Bhí seisean mar chomhchathaoirleach ar phróiseas na Náisiún Aontaithe nuair a deineadh cinneadh mar gheall ar Chlár Oibre na Forbartha Inbhuanaite, 2030 mar aon le críochnú na SDGanna. Maoiníonn Aonad Forbartha Oideachais Chúnamh Éireann UW 0012. Is mór an spéis atá léirithe ag mic léinn agus baill foirne sa dá mhodúl.

Mar chuid dá ghníomaíochtaí caidrimh, ritheann CGD sraith seimineár aimsir lóin i gcónaí atá dírithe ar thaighde a bhaineann le SDG sna SDGanna éagsúla atá ar bun ag foireann COC agus ag eagraíochtaí forbartha seachtracha. Sa dara leath den bhliain 2020, reáchtáladh an tsraith seimineár seo ar líne.

Ina theannta sin, reáchtáil CGD roinnt seimineár gréasáin, lena n-áirítear dhá cheann dírithe ar éifeachtaí COVID-19 i Meicsiceo agus san India agus na freagraí dóibh, i gcomhar le hollscoileanna sa dá thír sin. Chuimsigh CGD eolas mar gheall ar thaighde forbartha COVID-19 a bhí ar siúl ag foireann COC. Reáchtáladh seimineár gréasáin eile i gcomhar le hoifig Eorpach Bhanc Forbartha na hÁise (ABD), inar cuireadh béim ar dheiseanna fostaíochta do chéimithe COC leis an ABD.

Tá CGD ag díriú chomh maith ar eolas a chur ar fáil mar aon le deiseanna caidrimh d'fhonn taighde trasdisciplíneach a spreagadh atá dírithe ar mhórdhúshláin shochaíocha dhomhanda. Reáchtáladh fóram i mí na Nollag 2019 le baill foirne de chuid COC ó raon disciplíní le taighde idirdhisciplíneach a fhorbairt ar SDGanna. Cuireadh moill ar thuilleadh forbartha ar an tionscanmh seo de dheasca COVID-19 ach tá an bhunchloch leagtha aige chun tairbhe a bhaint as deiseanna taighde nua, mar shampla *Horizon Europe*.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim




## Foghlaim agus Teagasc COC

### Feabhas san Fhoghlaim agus sa Teagasc

D'fhan COC sa chéad 50 ollscoil san Eoraip ó thaobh teagaisc agus foghlama de sa *Times Higher Education Europe Teaching Rankings 2019*. Baineann an rangú seo le teagasc agus foghlaim in COC bunaithe ar 14 tháscaire i gceithre phríomhréimse: caidreamh, acmhainní, torthaí agus timpeallacht an teagaisc agus na foghlama.

Sa bhliain 2019-20, chláraigh níos mó daoine ná riamh leis an Ionad um Chomhtháthú Taighde, Taighde agus Foghlama (CIRTL) ar chláir forbartha gairmiúla foirne agus iarchéimithe; 144 a chláraigh don Teastas Iarchéime agus 45 don Dioplóma Iarchéime. Bliain i ndiaidh bliana is é clár an Dioplóma Iarchéime in CIRTL an clár staidéir iarchéime is mó de chuid COC. I mí Feabhra na bliana 2020, bronnadh MA i dTeagasc agus Foghlaim ar 10 agus bronnadh Teastas nó Dioplómaar níos mó ná 100. Níl aon chláir ar líne eile cosúil leo seo san NUI ná in Éirinn.

Iarradh ar fhoireann, mic léinn agus alumni COC arís daoine a aimniú do ghradaim bhliantúla an Uachtaráin um Fheabhas Teagaisc. D'fhreastail na daoine a bhí ar an ngearrliosta ar an searmanas bronnta ar an 10 Deireadh Fómhair 2019 san Aula Maxima.

### Dháil OVPLT €0.5 milliún mar Mhaoiniú um Fheabhas Foghlama agus Teagaisc

Reáchtáladh próiseas iarratais inmheánach iomaíoch in COC agus fuair 26 tionscnamh maoiniú bunaithe ar a gcuid acmhainneachta chun tionchar suntasach agus leanúnach a imirt ar fhoghlaim na mac léinn. Comhthionscnamh idir An Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama agus an ÚAO is ea An tAilíniú Straitéiseach de Mhaoiniú um Fheabhas Teagaisc agus Foghlama. Tá sé mar aidhm ag an gciste seo bonn láidir a fhorbairt d'fheabhsú foghama agus teagaisc amach anseo laistigh d'institiúidí ardoideachais Éireannacha faoi réir ag tosaíochtaí áitiúla.

### Ánracht Taighde Teagaisc agus Foghlama

Bronnadh an gradam náisiúnta is cáiliúla don duine aonair sa teagasc agus san fhoghlaim ardoideachais ar an Ollamh Chris Lynch de chuid COC. Fógraíodh go bhfuair an tOllamh Lynch, ollamh agus comhairleoir san Fhiaclóireacht Athchóiritheach in COC, Ánracht Taighde Teagaisc agus Foghlama nua in Éirinn i Meitheamh na bliana 2020. An Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas a chuir tús leis na hánrachtaí i gcomhpháirt leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus bronnadh iad ar chúigear ó ollscoileanna in Éirinn.

Ceapadh Stiúrthóir nua ar CIRTL sa bhliain 2019 - an Dr Catherine O'Mahony - a thosaigh in COC sa bhliain 2015 mar Bhainisteoir ar an Ionad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foglama. Agus í sa ról seo, chomheagraigh sí Clár Idirnáisiúnta do Léachtóirí ar Cuairt de chuid CIRTL mar aon lena chuid tionscadal taighde agus clár forbartha gairmiúla neamhchreidiúnaithe do bhaill foirne agus mic léinn.

Tharla an chéad chomhdháil dar teideal *Learning Connections* in COC ar an 5 agus 6 Nollaig 2019. Bhailigh an chomhdháil seo níos mó ná 200 duine le chéile eadhon foghlaimeoirí, múinteoirí, ailtirí, dearthóirí agus daoine eile a thacaíonn le cúrsaí teagaisc, ó mhórchuid institiúidí tríú leibhéal - ó ollscoileanna; institúidí teicneolaíochta; an pobal; tionsclaíocht; gníomhaireachtai rialtais; lucht déanta beartas; agus rialtóirí - a thiteann faoi scáth '*learning connections*'.

### Rathúlacht CIRTL i dTionscnaimh Tógála Cumais agus Comhpháirtíochta Straitéisí Erasmus+

Bhí COC ar cheann de chúig ollscoil a fuair nach mór €7 milliún de mhaoiniú Eorpach faoin *Erasmus+ Programme Key Action 2 Capacity Building in Higher Education*. Beidh páirt ag CIRTL le tionscadal *QuarSU* arna mhaoiniú faoin tionscnamh seo. Fiosróidh QuarSU na dea-chleachtais Eopracha is fearr i dtaca le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla oideachais agus torthaí foghlama in ollscoileanna na hÚcráine. Tá CIRTL ina chomhpháirtí chomh maith sa tionscadal '*UNI-CO-leaRN: University-Community Learning*' arna mhaoiniú faoi thionscnamh Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha san Ardoideachas de chuid Erasmus+. Déanfaidh *UNI-CO-leaRN* scéim soghluaisteachta do mhic léinn an ardoideachais a dhearadh agus a thástáil a nascann soghluaisteacht idirnáisiúnta le heispéireas foghlama seirbhíse sa phobal.

Tá CIRTL an-ghníomhach i gcónaí agus an iliomad tionscadal taighde faoina stiúir agus é ag comhoibriú ar thionscadail eile. Buaicphointe amháin idir CIRTL agus tionscadal Oideachas Scoile Erasmus+ ab ea *Alliance of Universities to Reform Curricula that Outcasts Radicalism in Asian Societies (AURORA)*. Tionscadal trí bliana é seo agus institúidí ardoideachais páirteach ann ó na tíortha seo: an India, Neipeal, an Spáinn, an Rómáin, agus Poblacht na Seice.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim



**Foghlaim Fadsaoil**

Ainmníodh Dioplóma i Mí-Úsáid Substaintí agus Staidéir Andúile de chuid Aosoideachais Leanúnaigh (ACE) do Gradam Réalta AONTAS sa chatagóir 'Ionchuimsiú Sóisialta - Mór-Eagraíocht'. D'fheastail ionadaithe ón Dioplóma ar an searmanas sa Dlí-Chumann i mBaile Átha Cliath Dé Luain, 2 Márta 2020. Tionscnamh bliantúil é seo mar chuid d'Fhéile na bhFhoghlaimeoirí Fásta arna reáchtáil ag AONTAS mar a ndéantar gaiscí thionscadail na bhfoghlaimeoirí fásta a cheiliúradh.

Seoladh *Skellig CRI* go hoifigiúil Dé hAoine, 1 Samhain 2019 i gCathair Saidhbhín. An tUas Breandán Ó Grifín, an tAire Stáit d'Iompar, Turasóireacht agus Spóirt a sheol go hoifigiúil é agus d'fhreastail roinnt acadóirí agus ball foirne eile de chuid COC ar an ócáid. Tá ról ag *Skellig CRI* mar champas for-rochtana de chuid COC bunaithe i gCathair Saidhbhín agus theastaigh uaidh tacú leis an bpobal le linn na géarcheime reatha agus 100 rannpháirtí aige agus iad ag foghlaim ag baile gach seachtain.

Mar fhreagra do COVID-19 d'eagraigh James O'Herlihy agus Belinda Gascoigne, baill d'fhoireann ACE, *cúrsaí COVID-19 faoi fhilleadh ar an obair* a reáchtáladh faoi réir ag an treochlár ceimnithe maidir leis an tsochaí agus gnlólachtaí a athoscailt. Léirigh na cúrsaí seo, d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon, go raibh athrú tagtha ar an áit oibre, ar ghnáthaimh agus prótacail a bhaineann le scaradh sóisialta, sláinteachas agus PPE agus an tslí ina dtacaíonn leaganacha amach oibre agus gnáthaimh nua, mar aon le ról an oifigigh géiliúlachta, leis na hathruithe seo agus sinn ag filleadh ar an áit oibre.

Don bhliain acadúil 2019/2020 d'éirigh le ACE, i gcomhar le scoileanna agus ranna acadúla sna ceithre choláiste, ioncam de nach mór €700,000 mar thaca le 220 mac léinn páirtaimseartha ar chúrsaí *Springboard+*. I ndiaidh an dara clárú ag na mic léinn seo i seimeastar a dó bhí ráta coinneála suntasach ag ACE de 94% de mhic léinn. Le déanaí, stiúir ACE freagra na hOllscoile ar ghlaoch *Springboard+ 2020* nuair a thiomsaíomar 16 thogra ó na ceithre choláiste ag léiriú áiteanna do níos mó ná 450 foghlaimeoir agus ag gnóthú ioncaim de thart ar €1.4 milliún. Thug tionsclaíocht tacaíocht an-mhór do na tograí seo, agus chuir níos mó ná 36 gnólacht sa réigiún níos mó ná 80 litir tacaíochta ar fáil mar gheall ar thograí de chuid COC.

D'ainneoinn na ndúshlán a bhain leis an gcianobair, seoladh 80,000 cóip de nuachtán ACE go dtí tithe timpeall Chorcaí go déanach i mí Bealtaine 2020. Anuas air sin, bhí an nuachtán mar fhorlíonadh iomlán san *Irish Examiner* ar an 29 Lúnasa 2020.

**Ionad na Scileanna, COC**

Léirigh Ionad na Scileanna a shárthiomantas do chaidreamh, foghlaim agus folláine na mac léinn. I mí Dheireadh Fómhair 2019, bronnadh gradam um Fheabhsú Eispéireas na Mac Léinn ar an ionad ag Searmanas Bronnta mar Chomhortha Aitheantais don Fhoireann, ainmniú a d'eascair as an bpobal acadúil. Shroich Ionad na Scileanna an chraobh in dá chatagóir ag Gradaim Oideachais na hÉireann i mí Feabhra 2020 - Gradam um Chaidreamh agus Cumarsáid le Mic Léinn agus Eispéireas is Fearr na Mac Léinn.

D'fhonn tacú lenár gcuid mac léinn le linn phaindéim COVID-19, forbraíodh sraith i dtrí pháirt mar gheall ar an bhfoghlaim dar teideal: ***Everyday Matters: Developing healthy habits for university life***. Faoi stiúir bhainisteoir Ionad na Scileanna, Kathy Bradley, thug mac léinn na nDaonnachtaí Digiteacha, Yasmine Redwan, beocht do theachtaireachtaí an Dra Eithne Hunt. Tugadh aird náisiúnta ar an tsraith agus tá trí leagan nua i measc an lucht féachana anois ina bhfuil scoláirí dara leibhéal, múinteoirí treoirghairme agus institiúidí tríu leibhéal a bhfuil baint acu le Gnóthaí na Mac Léinn in Éirinn.

**Feidhm um Achomhairc Scrúduithe**

Seoladh **suíomh idirlín** nua le haghaigh maolaithe, athsheiceálacha agus achomharc ina gcuirtear ar fáil do mhic léinn eolas ar na réitigh éagsúla, incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh agus conas dul tríd an bpróiseas.

**Ionad um Oideachas Digiteach (CDE)**

Tá *Canvas* tagtha in áit *Blackboard* mar thimpeallacht foghlama fíorúla ár n-institiúide. 7,571 cúrsa atá ar *Canvas* anois, iad á dteagasc ag 5,293 ball foirne do 31,099 mac léinn. Chuireamar 98 cúrsa oiliúna ar fáil do níos mó ná 892 rannpháirtí éagsúil agus chuireamar é i láthair ag níos mó ná 80 cruinniú sna ceithre choláiste. Baineadh seo ar fad amach de bhua an chomhoibrithe idir an Ionad um Oideachas Digiteach agus Aonad na dTeicneolaíochtaí Foghlama sna Seirbhísí TF.

Bainistíonn foireann CDE forbairt agus riaradh na suaitheantas digiteach in COC, cuireann sí comhairle ar chomghleacaithe faoin gcleachtas is fearr mar gheall ar an teicneolaíocht a úsáid san oideachas, baineann sí triail as teicneolaíochtaí foghlama nua agus déanann amhlaidh a mheas, agus cuireann sí comhairle ar fáil mar gheall ar fhorbairt spásanna foghlama na chéad ghlúine eile. Tá méadú bliantúil ag teacht ar an éileamh ar shuaitheantais dhigiteacha san ollscoil agus eisíodh 46 suaitheantas ar leith go dtí seo a bronnadh ar 1,220 foghlaimeoir.

## CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim




Tá CDE ag tacú le dhá thionscadal de chuid an Fhóraim Náisiúnta i gcónaí: *Disciplines Inquiring into Societal Challenges (DISCs): Enhancing Teaching and Learning for Active Citizenship* agus *A Profile of Skills for Teachers of Language in Higher Education*.

Is é Tom O'Mara, Ceann an Oideachais Dhigitigh atá mar ionadaí COC ar thionscadal an IUA dar teideal *Enabling Change: Enhancing Digital Capacity in Teaching and Learning* arna mhaoiniú ag Gairm Nuálaíochta agus Claochlaithe 2018 de chuid an ÚAO.

Tá dhá mhórchuspóir ag an tionscadal:

- Feabhas a chur ar ghnéithe digiteacha céimithe ollscoile uile in Éirinn.
- Feabhas a chur ar eispéiris mhic léinn ollscoile uile in Éirinn agus gnáthúsáid chomhtháite á baint acu as teicneolaíochtaí digiteachta, lena n-áirítear na meáin shóisialta de réir mar is cuí, mar chuid den phróiseas teagasic agus foghlama.

I mí na Nollag 2019, thosaigh Clíodhna O'Callaghan ina ról mar Oifigeach an Oideachais Dhigitigh don Ionad um Oideachas Digiteach, laistigh den OVPLT. Tá sé mar ról ag Clíodhna a bheith i gceannas ar thionscadal corraitheach chun Feabhas a chur ar Theagasc agus Foghlaim Dhigiteach in COC de chuid an IUA (Cumann Ollscoileanna Éireann). Maoiníonn clár Nuálaíochta agus Claochlaithe de chuid an ÚAO an tionscadal seo agus tá ceannaire tionscadail i ngach ceann de na seacht n-ollscoil in Éirinn.

Bhí baint lárnach ag CDE le tacaíocht a thabhairt don fhoireann chun a thuillleadh a dhéanamh ar líne ó thaobh ábhair foghlama, measúnaithe agus riaracháin de. Bhí baint mhór ag CDE le tacaíocht a thabhairt don aistriú mear go dtí an fhoghlaim agus an measúnú ar líne in COC tar éis ordú dianghlasála COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Ar na príomhuirlisí a d'fhorbair CDE sa tréimshe seo tá:

- **Suíomh idirlín *Keep Teaching***
- **Suíomh idirlín *Keep Assessing***
- **Suíomh idirlín *Keep Learning***

### Suirbhé Náisiúnta um Eispéireas Digiteach in Éirinn

Idir 11 Samhain agus 1 Nollaig 2019, ghlac baill foirne agus mic léinn COC páirt sa Suirbhé *INDEx*. An Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas a bhí á bhainistiú agus in COC, chomheagraigh an tIonad um Oideachas Digiteach, laistigh d'Oifig an Leas-Uachtaráin Foghlama agus Teagaisc, é.

Is féidir teacht ar an tuairisc náisiúnta ina hiomláine **anseo**. Ghlac 300 ball foirne agus 1,463 mac léinn páirt sa suirbhé agus bhí na torthaí againne ar aon dul leis na torthaí náisiúnta den chuid ba mhó.

### An Lárionad Teanga

D'óstáil an Lárionad Teanga de chuid COC an Chomhdháil bhliantúil dar teideal EAP (*English for Academic Purposes*) *in Ireland* in Áras an Gheata Thiar agus bhí rath nach beag uirthi. Ba é téama na comhdhála *English in Academic Contexts: Drivers of Collaboration, Innovation and Creativity* agus d'fhreastail toscairí ó gach cearn den domhan uirthi.

Tacaíonn an Lárionad Teanga le hidirnáisiúnú ginearálta an champais agus é ag obair le thart ar 1,300 mac léinn (cuid eile acu a íocann táillí agus cuid eile acu ina mic léinn de chuid COC nach n-íocann táillí) ó níos mó ná 25 tír gach bliain.

Samhail acadúil ach tráchtála atá ag an Lárionad Teanga agus lean an tsamhail seo ar aghaidh in ainneoin dhúnadh an champais. Tá an tIonad ag feidhmiú go hiomlán ar líne ón 16 Márta 2020. Idir Márta agus Lúnasa 2020, chuir an tIonad cúrsaí ginearálta, acadúla agus gairmiúla ar fáil mar aon le ceardlanna faoi chultúr na hÉireann, oiliúint agus forbairt múinteoirí agus tacaíocht d'earcú idirnáisúnta agus d'eispéireas na mac léinn in COC.

D'fhorbair agus chomheagraigh an Dr Rosarii Griffin, ball foirne de chuid OVPLT, modúl nua uile-ollscoile i dteannta leis an Dr Claire Dorrity (Na Staidéir Shóisialta Fheidhmeacha) ar *Global Sustainable Develpment: Interidisciplinary Perspectives* ar cuireadh tús leis go luath sa bhliain 2020. 45 mac léinn a bhí páirteach agus thug a leath díobh faoin scrúdú, an chuid eile ag gabháil dó ar mhaith le cúrsaí forbartha gairmiúla.

Leanann OVPLT le hábhar ar líne mar aon le deiseanna forbartha gairmiúla a fhorbairt agus a sholáthar. Eisíonn sé ríomhphoist gach Luan don fhoireann agus leanann sé de bheith ag cur le hacmhainní ar a shuíomh idirlín agus á gcur chun cinn, an suíomh idirlín nua dar teideal '*Keep Teaching*' san áireamh (mar fhreagra do COVID-19).



## CUSPÓIR A DÓ


# Cruthaigh

A bheith mar ollscoil cheannródaíoch ó thaobh taighde, nuálaíochta, fiontraíochta agus tráchtála de a imríonn dea-thionchar ar an tsochaí.

## CUSPÓIR A DÓ

# Cruthaigh






Mar ollscoil diantaighde, bíonn COC ar thóir na fírinne agus an eolais sna réimsí bunaidh agus feidhmeacha, rud a imríonn tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch ar an bpobal lasmuigh den eagraíocht.

Chun an fhís seo a chur i gcrích, ní mór cistí sásúla maoinithe a fháil a thacaíon le sárthaighdeoirí sna disciplíní go léir agus iad ag dul i mbun taighde i gcomhar leis na féidearthachtaí is fearr ó thaobh tionchair de.

Léiríonn figiúirí ioncaim taighde na bliana acadúla 2018/19 gur éirigh le COC infheistíocht taighde agus forbartha a fháil dar luach **€100 milliún** (Figiúr 1). Cé go seasann seo do laghdú de 5% ó 2018/19, seasann leibhéal an ioncaim taighde a gnóthaíodh i mbliana do mhéadú de 27% le deich mbliana anuas, rud a sháraíonn cuspóir an Phlean Straitéisigh. Luíonn sé le ciall glacadh leis gur imir paindéim COVID-19, agus a éifeacht ar chúrsaí geilleagair ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta tionchar ar ioncaim taighde na bliana 2019/20, go hairithe ar infheistíocht a fuarthas ó fhoinsí tionsclaíochta (Figiúr 2B).

Ón mbliain 2005, d'éirigh le taighdeoirí COC níos mó ná **€1.3 billiún** a fháil ó infheistíocht maoinithe taighde.

**Figiúr 1: Ioncam Taighde Iomlán - Próifíl 10 mBliana (€/milliún)**







## CUSPÓIR A DÓ

# Cruthaigh






I bhfianaise na mbrúnna leanúnacha ar mhaoiniú ón rialtas, tháinig nach mór **€30 milllliún** d'ioncam tiaghde na bliana 2019/20 ó fhoinsí nach dtagann ón státchiste. Agus an sciar seo de 30% faighte le blianta beaga anuas agus mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach - de dheasca an laghdaithe ar ioncam fiontraíochta, bhí cúiteamh ann go pointe de bharr méadaithe ar mhaoiniú ón gCoimisiún Eorpach.

Seasann seo do **mhéadú de 68%** le deich mbliana anuas a tháinig go príomha ó mhéadú de 95% ar an maoiniú ó chláir an AE (go dtí €16.2 milliún) agus méadú de 99% ar mhaoiniú ó fhoinsí fiontraíochta (go dtí €10.2 milliún) (Figiúr 2).


Maidir le hioncam taighde a fuarthas ón earnáil fiontraíochta, d'éirigh níos fearr le COC ná le haon institiúid eile in Éirinn, rud a léiríonn dea-theist na hollscoile i dtaca le comhoibriú éifeachtach agus leanúnach le comhpháirtithe móra tionsclaíochta.

**Figiúr 2: Ioncam Taighde nach dtagann ón Státchiste - Próifíl 10 mBliana (€/milliún)**

**A. Maoiniú Eorpach**




**B. Maoiniú Fiontraíochta**




Gníomh nach beag ab ea bunú ***Prime-UCC***, an chéad seirbhís ollscoile um bainistiú tionscadal Eorpach atá bunaithe in ollscoil Éireannach. Seasann ráta rathúlachta na dtograí a moladh arna dtacú ag *Prime-UCC* ag níos mó ná 33%, ráta cuid mhaith níos airde ná an meán san AE (12%), agus ghnóthaigh COC tionscadail dar luach €13.8 milliún in ioncam taighde.

Ó bunaíodh í sa bhliain 2007, tá dea-theist ar chláir mhaoinithe Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) ar fud an domhain agus na hEorpa mar shlat tomhais de shárthaighde. Is ríshoiléir an tábhacht straitéiseach a bhaineann le cur le dul chun cinn COC maidir le dámhachtainí a fháil ón ERC. Chun feabhas a chur ar COC agus é ag plé le glaonna maoinithe an ERC, d'fhorbair RSS COC *ERC Enhancement Strategy Implementation Plan*. D'fhaomh bainisteoirí na hollscoile an plean seo i mí Feabhra 2020, agus tá sé á chur i bhfeidhm faoi láthair. Sa bhliain 2020, d'éirigh níos fearr ná riamh leis an institiúid i nglaoch maoinithe an ERC agus ghnóthaigh sí trí Dhámhachtain Chomhdhlúthaithe dar luach €6.4 milliún.

Clár taighde agus nuálaíochta nua de chuid an Aontais Eorpaigh is ea *Horizon Europe* a mhairfidh ó 2021 go dtí 2027. Beifear ag súil leis na chéad ghlaonna i Márta/Aibreán 2021. Le linn 2020, ghlac RSS COC páirt ghníomhach in ullmhú ár gcuid taighdeoirí don chlár nua seo agus Straitéis Chaidrimh agus Plean Gníomhaíochta *Horizon Europe* á fhorbairt acu.

Mar thaca leis an bpróiseas seo, sa bhliain 2019, d'fhógair Seirbhísí Tacaíochta Taighde (RSS) COC gur ceapadh an Dr Sean McCarthy, saineolaí mór le rá ar chláir mhaoinithe taighde na hEorpa, chun obair go dlúth le foireann RSS COC. Oibríodh le 30 scoil agus ionad agus príomhthionscanamh na straitéise á thabhairt chun críche chun pleananna ón mbonn anuas ag leibhéal na scoileanna a fhorbairt a bhí dírithe ar ghrúpaí a eagrú le caidreamh éifeachtach a dhéanamh ag leibhéal pholasaí an Choimisiúin Eorpaigh, rud a chinntigh an t-oiriúnú is fearr idir tosaíochtaí na hinstitiúide agus tosaíochtaí maoinithe taighde an Choimisiúin. Ar na sainghníomhartha bhí: príomdheiseanna glaonna agus comhpháirithe straitéiseacha Eorpacha, lántairbhe a bhaint as iomaíocht tograí de chuid COC, líon na dtaighdeoirí in COC a phléann le cláir mhaoinithe an AE, agus cur le héagsúlacht na glcár a bpléimid leo.

## CUSPÓIR A DÓ

# Cruthaigh







Ag tosach *Horizon 2020*, chun luach a chur leis na nascanna atá againn ar fud na hEorpa, bhí COC mar an chéad bhall Éireannach de ***Crowdhelix***.

Gréasán Nuálaíochta Oscailte is ea an tionscnamh seo a chónascann gnólachtaí, ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde ar fud an domhan, i dtreo is gur féidir leo coincheapa tionscadal a fhorbairt as lámha a cheile, mar aon le maoiniú a shainiú, agus tionscadail úrnua a sholáthar faoi chláir *EU Horizon*.


Tá níos mó ná 400 ball ag an ngréasán a ghnóthaigh maoiniú dar luach €5.4 billiún ar mhaithe le 9,323 comthionscadal idirnáisiúnta a sholáthar.

Bunaíodh *Cowdhelix* i Londain i dtosach ach deineadh iarracht bogadh go dtí an Eoraip. Cúrsaí Breatimeachta mar chuid den chúis leis sin agus as na roghanna ar fad a bhí ann, roghnaíodh COC chun a oifig Eorpach a óstáil. Agus an eagraíocht seo lonnaithe go fisiciúil in COC anois, díol suntais is ea na deiseanna breise seo don institiúid chun nascanna a dhéanamh a bheadh mar chabhair dúinn spriocanna *Horizon Europe* dár gcuid a bhaint amach.

Tuigtear go maith anois go bhfuil an-tábhacht ag baint le cur chuige atá idir ildhisciplíneach agus dhomhanda d'fhonn dul i ngleic go héifeachtach leis na mórdhúshláin taighde agus chun fíorthionchar a imirt.

Chuige seo, comhoibríonn taighdeoirí COC le **4,492** comhlacht taighde in **140 tír**, a eisíonn níos mó ná **8,800 foilseachán**, agus tá siad san áit is fearr chun lántairbhe a bhaint as an gcomhoibriú seo ar fad ar maithe le maoiniú ón státchiste agus ó fhoinsí eile amach anseo.

**Figiúr 3: Institiúidí ag Comhoibriú le COC (2015-2020)**







**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh








## Foilseacháin Taighde


Faoi mar a léiríodh i Plean Straiéiseach Taighde agus Nuálaíochta COC, díreofar sa tréimshe 2017-2022 ar bharr maise a chur ar shárchaighdeán agus tionchar fhoilseacháin taighde COC. Leagtar tiomantas amach sa phlean straitéiseach do thacú lenár bpobal taighde agus iad ar thóir na sáracadúlachta, ag tabhairt aitheantais d'fhoilseacháin a imríonn an-tionchar agus feabhas taighde sna disciplíní go léir. Chuige seo, príomhsprioc an phlean ná bearta na bhfoilseachán taighde agus an dul chun cinn sa taighde a mhéadú, lena n-áirítear tionchar na dtagairtí, monograif, torthaí neamhthraidisiúnta i ngach réimse den ghníomaíocht taighde. Leagadh an-bhéim ar an dul chun cinn a dhéanfaí i mórghníomhaíochtaí straitéiseacha agus go ndéanfaí iad seo a méadú go dtí leibhéal níos airde ná an meán ó thoabh an tionchair dhomhanda i dtaca leis na réimsí disciplín cuí.

Bunchloch thábhachtach a bhaineann le gníomhaíocht taighde na hollscoile a thacaíonn leis na cuspóirí seo is ea tionchar na dtagairtí a dhéantar ar fhoilseacháin taighde de chuid COC a mhéadú.

Léiríonn anailís a deineadh ar fhoilseacháin scolártha ar ghníomhaíocht taighde COC go bhfuil méadú leanúnach le deich mbliana anuas i gceist atá faoi réir ag institiúidí Éireannacha eile (Figiúr 4). D'fhoilsigh taighdeoirí COC **2,205 alt taighde** (dar le bunachar *Scopus*) sa bhliain 2019 (an bhliain dheireanach atá go hiomlán scagtha), rud a sheasann do **mhéadú de 26%** le deich mbliana anuas.



**Figiúr 4: Foilseacháin Taighde/Scolártha (Próifíl 10 mBliana) - Anailís Chomparáideach na nOllscoileanna Éireannacha**




Foinse: SciVal Analytics. Cuirtear gach saghas foilseacháin san áireamh.

Rinneadh anailís chomparáideach ar dhul chun cinn thionchar na dtagairtí ó thorthaí scolártha, ó gach disciplín le linn thréimshe cúig bliana idir 2014-2018 agus léirítear inti gur éirigh níos fearr leis na hollscoileanna Éireannacha go léir ná an meán domhanda agus bhí tionchar na dtagairtí ab airde ag foilseacháin COC ón mbliain 2016 (Figiúr 5). Níor cuireadh blianta foilsithe níos déanaí san áireamh d'fhonn dóthain ama a thabhairt chun go mbaileofaí tagairtí (mar bíonn seo níos moille maidir le foilseacháin áirithe seachas a chéile).


## CUSPÓIR A DÓ

# Cruthaigh





**Figiúr 5: Dul chun cinn Thionchar na dTagairtí* ualaithe de réir réimse - Anailís Chomparáideach na nOllscoileanna Éireannacha**




*Tionchar na dTagairtí ualaithe de réir réimse: Cóimheas na dtagairtí a fuarthas i gcomparáid leis an meán domhanda ionchasach do réimsí ábhar cónasctha, saghsanna foilseacháin agus bliain foilsithe Scór >1: léiríonn seo tionchar na dtagairtí níos airde ná an meán domhanda.


Léirigh dul chun cinn COC ina leith seo san fhógra ón *Times Higher Education (THE) World University Ranking 2020* a thug le fios go raibh COC ar an ollscoil cheannródaíoch in Éirinn ó thaobh thionchar na dtagairtí de agus é tomhaiste ag dul chun cinn na dtagairtí (Tábla 1):

**Tábla 1: *THE Citation Impact Score* (2020) – Comparáid Náisiúnta**

| Ollscoil | *THE Citation Impact Score (2020)* |
|---|---|
| COC | 82.9 |
| TCD | 78.3 |
| UCD | 73.3 |
| OÉG | 69.6 |
| NUIM | 66.4 |
| DCU | 55.1 |
| OL | 52.2 |
| TUD | 36.4 |

Baineann an toradh seo le feabhsú bliantúil scála tomhais thionchar na dtagairtí le cúig bliana anuas (Figiúr 6).

**Figiúr 6**



CUSPÓIR A DÓ

# Cruthaigh





Díol suntais freisin is ea é as an 33 taighdeoir lonnaithe in Éirinn a cuimsíodh san *Highly Cited Researchers 2020 List* go bhfuil 13 ina bPríomhthaighdeoirí ó APC Micribhithóm Éireann. Aithníonn an liosta mór le rá seo ceannródaithe ina ngort féin a n-imríonn a gcuid tagairtí tionchar nach beag ar thaighde agus tá 26 buaiteoir dhuais Nobel ina measc.

I gcomhpháirt leis an Leabharlann tá RSS COC tar éis tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm leanúnach raon tionscnamh uile-ollscoile a bhfuil sé mar aidhm acu barr feabhais a bhaint amach maidir le dul chun cinn ó thaobh thionchar na dtagairtí de inár gcuid torthaí taighde agus feasacht a thiomsú mar gheall ar anailís bhibliméadrach mar bheart de thionchar an taighde agus tábhacht na rochtana oscailte.

Ar na tionscnaimh ar siúl faoi láthair tá:


- Ceardlanna dírithe ar dhul chun cinn ó thaobh thionchar na dtagairtí de a thomhas agus lántairbhe a bhaint as, rud a cuireadh ar fáil mar chuid de Chlár Oiliúna Scileanna Taighde COC ar fud na hinstitiúide go léir.
- Seoladh agus príomshruthú *Nature Masterclasses Online Resource*. Sáreagarthóirí na hirise *Nature* a chuireann an oiliúint seo ar fáil mar chúnamh do thaighdeoirí COC foilsiú in irisí den chéad scoth.
- Cur i bhfeidhm scéime institiúide dar teideal *High Citation Impact Recognition Scheme (UCC outputs in the Top 1% FWCI percentile ranking)* – seoladh an scéim seo i mbliana mar chuid de Dhámhachtainí Taighde COC 2020.
- Glacadh le Beartas um Rochtain Oscailte ar Fhoilseacháin sa bhliain 2016 agus rinneadh cartlannú córasach ar fhoilseacháin taighde i gCartlann Taighde Oscailte Chorcaí (CORA) agus i dtaisclanna clúiteacha rochtana oscailte seachtracha. D'fhonn gaiscí sa ghné seo a aithint, cuireadh tús le catagóir nua de ghradam i gclár Dhámhachtainí Taighde COC. Aithníonn *Taighdeoir Oscailte na Bliana* taighdeoirí a bhfuil glactha acu le priosabail na heolaíochta oscailte ina gcuid próisis taighde agus i ndáileadh a gcuid torthaí taighde.
- Seoladh fáiltiú bliantúil arna óstáil ag an Uachtarán d'fhonn ómós a léiriú do thaighdeoirí a bhfuil foilseacháin dá gcuid in irisí clúiteacha ar nós *Science, Nature, The Lancet* agus i dteidil taighde de chuid *Nature*.
- 'An Cleachtas is Fearr' i dTreoirlínte Foilsithe a fhorbairt do thaighdeoirí COC. Seolfar an acmhainn seo ar ball beag.

## Dámhachtainí Taighde COC 2020

Gníomhaíocht ríthábhachtach ná aitheantas a thabhairt do ghaiscí taighde phobal COC agus leagtar béim ar leith air i bPlean Straitéiseach Taighde agus Nuálaíochta COC.

Ag searmanas ar líne, léirigh COC ómós do bhaill foirne as an obair atá déanta acu ar leas na hollscoile lena n-áirítear misean taighde na hinstitiúide a chur chun cinn. D'aithin Dámhachtainí Taighde 2020 barr feabhais i ngíomhaíocht taighde i ndeich gcatagóir (Tábla 2).

Ina theannta sin, d'aithin COC freisin na taighdeoirí a bhí ina n-údair ar ailt taighde agus páipéir chomhdhála (arna n-innéacsú ag *Scopus*) a bhí sa chéad 1% de na foilseacháin ba mhó dár baineadh tagairtí astu ar fud an domhain ina réimse féin.



**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh





**Tábla 2: Buaiteoirí Dhámhachtainí Taighde COC 2020**

| Dámhachtain Taighde | Buaiteoir |
|---|---|
| Foilseachán na Bliana ina raibh Mac Léinn Fochéime mar Údar | **Rachel McCarthy** – na Daonnachtaí Digiteacha, Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta<br>**Patrick O'Toole** – na Daonnachtaí Digiteacha, Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta |
| Cultúr um Iompar Freagrach Taighde a Chruthú | **Elizabeth Kiely & Liz Hales** – Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta |
| Luath-Thaighdeoir na Bliana | An **Dr Gillian Murphy** – Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta<br>**Giovanni Pietro Vitali** – Roinn na hIodáilise, An Scoil Teagnacha, Litríochtaí agus Cultúr, Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta |
| Taighdeoir Oscailte na Bliana | **James Louis Smith** – Scoil an Bhéarla agus na Daonnachtaí Digiteacha, Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta |
| Cumarsáidí Taighde na Bliana | **Alan Kelly** – An Scoil Eolaíochtaí Bia agus Cothaithe, Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia |
| Maoirseoir Taighde na Bliana | **Paul Hurley** – Institiúid Náisiúnta Tyndall<br>**Silvia Ross** – Roinn na hIodáilise, An Scoil Teagnacha, Litríochtaí agus Cultúr, Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta |
| Duine Tacaíochta Taighde na Bliana | **Eileen Hurley** – Institiúid Náisiúnta Tyndall |
| Foireann Taighde na Bliana | **Ionad Taighde um Eacnamaíocht Spásúil agus Réigiúnach** - Coláiste an Ghnó agus an Dlí |
| Taighdeoir na Bliana | **Claire Connolly** – Scoil an Bhéarla agus na Daonnachtaí Digiteacha, Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta |
| Gradam Taighde Gaisce Gairme | **Colin Hill** – Scoil na Micribhitheolaíochta, Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia, agus APC Micribhithóm Éireann |

## Ceannaireacht agus Tionchar in 2019/2020 - Buaicphointí Áirithe

### Taighdeoir COC ag dul i ngleic le Dúshlán COVID-19

Ar fud na hinstitiúide, tá taighdeoirí COC tar éis a gcuid saineolais taighde a chur in oiriúint chun díriú ar an iliomad dúshlán a bhaineann le paindéim COVID-19.

I mí an Mhárta 2020, sheol rialtas na hÉireann *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta mar Fhreagra do COVID-19* agus bhí clár maoinithe taighde mar phríomhghníomh sa phlean seo a chuirfidh ar chumas phobal taighde na hÉireann freagairt do na héilimh agus na riachtanais a bhí ag eascairt as an bpaindéim.

Ar na staidéir úrnua a rinne pobal taighde COC mar thaca leis an ngairm náisiúnta seo bhí:

**1.** Tá an tOllamh Joe Eustace, Stiúrthóir ar Shaoráid Taighde Chliniciúil de chuid COC (CRFC), ina Cheannaire Náisiúnta ar Thriail Dlúthpháirtíochta an WHO, comhghuaillíocht idirnáisiúnta faoi stiúir an WHO d'fhonn na féidearthachtaí a bhaineann le cóireálacha COVID-19 a mheasúnú. Earcaíodh othair as níos mó ná 400 ospidéal rannpháirteach i 35 tír don staidéar seo agus tá fuílleach tíortha eile ag feitheamh ar fhaomhadh le bheith páirteach. Ar an 26 Meitheamh, shínigh an tAire Sláinte Comhaontú thar cheann rialtas na hÉireann go mbeadh Éire páirteach i dTriail Dlúthpháirtíochta COVID-19 de chuid an WHO.

**2.** Fuair an tOllamh Ivan Perry ó Scoil na Sláinte Poiblí €200,000 ón mBord Taighde Sláinte (HRB) agus é i gceannas ar staidéar a dhéanfaidh an t-ualach sa phobal a mheas maidir le galar siomptómach, agus tionchar na mbeart sláinte poiblí ar fholláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta.

**3.** Tá an tOllamh Frédéric Adam agus an Dr Fergus McCarthy (CUBS agus Ionad Taighde *Infant*) i bhfeighil ar staidéar arna mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) a úsáideann cianteicneolaíocht chun brú fola a mhonatóiriú i mná torracha i bpaindéim COVID-19, lena n-áirítear othair chónaitheacha agus eisothair agus máithreacha a bhfuil agus nach bhfuil COVID orthu.

**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh





**4.** Tugadh maoiniú do thionscadal, faoi stiúir an Ollaimh Paul Cotter (Teagasc agus APC Micribhithóm Éireann) chun géinitic na víreas atá le fáil in Éirinn a chinntiú, i dtreo is go dtacófaí le hiarrachtaí chun dul i ngleic le cnuasach cásanna a tharlaíonn, chun scaipeadh an víris a mhaolú. €397K a fuarthas mar chiste do Chuibhreannas Seicheamhaithe Náisiúnta an Choróinvíris a dhéanfaidh géinitic SARS-CoV-2 a léamh agus a anailísiú i samplaí ó othair in Éirinn.

**5.** Tá an tOllamh Barry O'Reilly agus an Dr Patrick Henn (Ionad ASSERT) i gceannas ar thionscadal dar teideal *COVID-19 Remote Early Warning System* (CREW), ardán bainistithe coraintín lenar féidir foireann cúraim sláinte a aithint a bhfuil teocht ag teacht orthu nó a bhfuil siomptóim COVID-19 orthu.

**6.** Tá an tOllamh Joe Eustace (CRFC) mar Cheannaire Náisiúnta ar ghlaoch ó *Horizon 2020* a fuair €15 milliún mar dheontas ón AE dar teideal *COVID Call on Advancing Knowledge for the Clinical and Public Health Response to the 2019-nCoV Epidemic*. Tá an deontas seo arna chomheagrú ag *Institut National de la Santé et de la Recherche Medicale* (INSERM) d'fhonn tacú le cur i bhfeidhm Thriail DisCoVery a bhfuil sé mar aidhm aici roghanna cóireálacha d'othair COVID-19 a fhiosrú.

**7.** Fuair an tOllamh Liam O'Mahony (APC Micribhithóm Éireann) maoiniú ó SFI le haghaidh tionscadail a aithneoidh agus a dhéanfaidh forbairt thapaidh ar bhithchomharthaí diagnóiseacha a thuar i dtaca leis an bpróiseas go dtí drochghalar athlastach (seipsis) tar éis ionfhabhtú COVID-19, agus chun an bhaint atá ag teip ar bhacainn na putóige leis an bpróiseas seo.

**8.** D'éirigh leis na hOllúna Paul O'Toole agus Colin Hill (APC Micribhithóm Éireann) chomh maith maoiniú a fháil ó SFI chun idirghníomhú idir miocróib agus óstach ag an leibhéal imdhíonachta tar éis ionfhabhtú COVID-19, go háirithe trí mhicribhithóim a fhiosrú mar bhithchomharthaí do riosca agus géire chliniciúil an ghalair.

Nuair a dúnadh na saotharlanna agus an bonneagar i Márta 2020, bhunaigh COC an Fhoireann um Leanúnachas Gnó Taighde (RBCT) i mí Aibreáin 2020 agus, faoi stiúir an choiste, cuireadh tús arís le gníomhaíocht taighde ó mhí Bealtaine 2020 ar bhonn céimnithe. Faoin tseachtain dheireanach de mhí Lúnasa 2020, bhí níos mó ná 1,000 taighdeoir ar an gcampas agus iad ag cloí go hiomlán le treoracha an rialtais. Chun tacú leis an bpróiseas seo, d'eisigh RBCT sraith chumsitheach cáipéisí ina raibh treoirlínte athoscailte a bhí faoi réir ag treorlínte agus prótacail uile an rialtais. Anuas air sin, rinneadh taithí agus an cleachtas is fearr a roinnt ach plé fairsing a bheith déanta leis an bpobal taighde.

## Rathúlacht Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC)

Ó bunaíodh í sa bhliain 2007, tá dea-theist ar chláir mhaoinithe ERC ar fud an domhain agus na hEorpa mar shlat tomhais de shárthaighde. Is ríshoiléir an tábhacht straitéiseach a bhaineann le dul chun cinn COC maidir le dámhachtainí a fháil ón ERC. Tá géarghá le caidreamh rathúil leis an ERC chun sruth de thallann taighde den chéad scoth isteach go dtí an institiúid a chinntiú, agus chun sárthaighdeoirí iasachta a mhealladh agus a choimeád mar aon le taighdeoirí ónár bpobal féin.

Chun feabhas a chur ar COC agus é ag plé le glaonna maoinithe an ERC, d'fhorbair Taighde COC *ERC Enhancement Strategy Implementation Plan*. D'fhaomh bainisteoirí na hollscoile an plean seo i mí Feabhra 2020, agus tá sé á chur i bhfeidhm faoi láthair.

Gan ach cúpla gairm fós le críochnú agus clár maoinithe reatha na hEorpa, *Horizon 2020* ag teacht chun deiridh, tá **€114 milliún** faighte ag taighdeoirí COC ó **224 dámhachtain** - rud a sheasann do chloch mhíle shuntasach mar go bhfuil seo níos airde ná an sprioc de **€110.3 milliún** a leagadh amach i bPlean Gníomhaíochta *Horizon 2020* don institiúid seo.

**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh





## Taighdeoir APC mar Cheannaire ar Chlár Taighde i Mórghalair Ainsealacha

Beidh an tOllamh Jens Walter i gceannas ar chlár taighde dar luach €3.7 milliún in APC Micribhithóm Éireann (APC) agus é maoinithe ag deontas Ollúnachta Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) a fógraíodh i mí na Nollag.

Déanfaidh a chuid taighde imscrúdú ar thionchar an tsaoil nua-aimseartha ar mhicribhithóm putóige agus an gaol idir sin agus méadú ar ghalair ainsealacha.

Bunaíodh clár Ollúnachta Taighde an SFI chun taighdeoirí den chéad scoth a mhealladh chun na hÉireann agus chun dea-theist na tíre mar láthair le tabhairt faoi thaighde mórthionchair ar ardchaighdeán.

Is é an tOllamh Walter an tríú ceapachán Ollúnachta Taighde de chuid an SFI in COC le blianta beaga anuas.

## Bronnadh Boinn Feabhais ar Thaighdeoirí COC ag Gradaim Thaighdeoirí na Bliana de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn (IRC)

Ghnóthaigh taighdeoirí ó COC dhá cheann as ceithre Bhonn Feabhais ag *Gradaim Thaighdeoirí na Bliana* de chuid IRC sa bhliain 2020.

Bronnadh *Bonn Feabhais Jane Grimson* ar Shane Somers mar an taighdeoir iarchéime is fearr sa chatagóir STEM. Tá sé i gceist ag taighde Shane na cúiseanna leis na héagsúlachtaí i micribhithóm putóige a fhiosrú in éan fiáin, an meantán mór.

Bronnadh *Bonn Feabhais Maurice J. Bric* ar an Dr Edward Molloy as bheith mar an taighdeoir iardhochtúireachta ab fhearr sa chatagóir AHSS. Déanann taighde Edward plé le nádúr agus foirm scarúnachas na hÉireann agus na smaointe a bhí taobh thiar den náisiúnachas radacach Éireannach sa naoú haois déag.

## Ár bhFócas ar Bhunú Mac-Chuideachtaí a Threisiú

### Ceapadh an tUas Micheál Collins mar Bhainisteoir Nuálaíochta Mac-Chuideachtaí de chuid COC

I mí Bealtaine na bliana 2020, ceapadh Micheál Collins, céimí COC, sa ról nua mar Bhainisteoir Nuálaíochta Mac-Chuideachtaí de chuid COC. Beidh Micheál i gceannas ar thráchtálú doimhintaighde teicneolaíochta ar féidir a phaitinniú trí ghnólachtaí nuathionscanta. Príomhréimse fáis eacnamaíochta é seo mar chuid de ghréasán BRIDGE lena n-áirítear Teagasc agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Agus an ról seo á chruthú aige, tá COC ag cur feabhas breise ar thacaíochtaí do mhac-chuideachtaí agus don fhiontraíocht. Anuas air sin, tá COC ag cur leis an gcaidreamh le caipitlithe fhiontair Éireann agus le pobal tacaíochta fiontar leis an ról seo.

### Seoladh Beartas nua COC um Maoin Intleachtúil

Sheol COC a Bheartas nua um Maoin Intleachtúil (IP) i mí Dheireadh Fómhair 2019. Seoladh an beartas seo in éineacht leis an mBeartas um Choinbhleacht Leasa agus tugann sé frámaíocht láidir ar mhaithe le IP de chuid COC a bhainistiú. Cloíonn an beartas leis na moltaí a rinneadh agus athbhreithniú coimisiúnaithe ag an Údarás um Ard-Oideachas, i gcomhar le hAistriú Eolais Éireann, ar bhainistiú IP agus coinbhleachtaí leasa.

### An-Dul chun Cinn i Suirbhé um Aistriú Eolais ag COC

D'fhoilsigh Aistriú Eolais Éireann a '*Annual Knowledge Survey*' i mí Mheán Fómhair 2020 don bhliain 2019. Laistigh de seo, thuairiscigh COC a líon ab airde ceadúnas go dtí seo, mar aon le roghanna nó comhaontuithe sannachán (LOA) le tionsclaíocht (35 - Figiúr 7) d'fhonn IP a cruthaíodh in COC a aistriú go dtí domhan na tráchtála. Sheas seo do mhéadú breise de 15% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ba é seo an tríú huair as a cheile a raibh líon níos mó ná riamh ag COC sa chatagóir seo. Tá an líon is airde LOAnna déanta ag COC ná ag aon institiúid ardoideachais eile in Éirinn ón mbliain 2017 ar aghaidh. Léiríonn seo dea-theist COC agus an comhoibriú atá ar siúl idir pobal taighde na hollscoile agus an tionsclaíocht mar aon leis an obair atá déanta idir an ollscoil agus lucht gnó.


**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh






**Figiúr 7**




## Ciste Píblíne *Hexagon Technology*

Chruthaigh Nuálaíocht COC Ciste Píblíne *Hexagon Technology* i mbliana chun maoiniú a chur ar fáil ar mhaithe le smaointe a chur chun cinn a bhfuil an cumas iontu forbairt mar mhac-chuideachtaí.

D'éirigh le Nuálaíocht COC a bheith mar cheannaire ar chuibhreannas le UCD, OÉG, CIT, IT Thrá Lí agus GMIT chun maoiniú Fhiontraíocht Éireann a dháileadh ar roinnt tionscadal. Bunaíodh dáileadh an mhaoinithe seo ar mholtaí ó phainéal athbhreithnithe mar a raibh ionadaithe ó na hinstitiúidí agus saineolaithe neamhspleácha. Rinneadh athbheithniú ar 25 tionscadal ó na sé institiúid ar an iomlán. As na naoi dtionscadal a roghnaíodh le haghaidh maoinithe, tháinig sé cinn acu ó phobal taighde COC. Cuirfidh seo le píblíne na mac-chuideachtaí do COC sna blianta atá romhainn amach.

## Gorlann Ghnó *GatewayUCC*: Ag freastal ar FMBanna le linn Ordú Dianghlasála COVID-19

Bhí tionchar nach beag ag ordú dianghlasála COVID-19 ar ghníomhaíocht uile na tráchtála. Lastigh de COC, tógadh céimeanna suntasacha chun taighde riachtanach a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go raibh *GatewayUCC* ar fáil chomh mór agus ab fhéidir do ghnólachtaí a bhí mar chliaint. Tar éis na chéad srianta de dheasca na paindéime, d'oibrigh Nuálaíocht COC leis an Oifig um Ghnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla chun prótacal a chur ar bun le go mbeadh gnólachtaí in ann teacht ar an tsaoráid nuair a bhí an obair faoi réir ag treoirlínte náisiúnta.

Chun tionchar na paindéime a mhaolú ar phíblíne na mac-chuideachtaí, lean *GatewayUCC* lena chlár luasaire *Sprint* le linn na bliana agus COC á úsáid aige mar bhonn fíorúil. Bhí an-fhreastal ar an gclár agus ghlac an méid céanna daoine páirt ann is a rinne sna blianta roimhe sin. Bhí 10 rannpháirtithe i mbilana a fuair léargas i ndeich gcinn de mhodúil a bhain le bunú gnólachtaí agus le forbairt ghnó. Cinntítear leis an rathúlacht leanúnach ag *Sprint* go gcaomhnaíonn Nuálaíocht COC ár dteoir agus ár dtacaíocht do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na Mac-chuideachtaí agus do bhaill foirne cheannaireachta.

Ar na buaicphointí i mbliana bhí: seoladh *BioPixS*, ceann de rannpháirtithe *Sprint* agus an dul chun cinn a rinne sé ina dhiaidh sin chun maoiniú a fháil ó Ghlaoch Éigeandála COVID-19 H2020 AE. Tá an ghnólacht dírithe ar dhlús a chur le forbairt gléasanna fótonaice, go háirithe ó thaobh biteicneolaíochta de.


## Comhairliúchán COC

Seirbhís comhairliúcháin bhainistithe le haghaidh acadóirí COC is ea Comhairliúchán COC a sholáthraíonn a gcuid saineolais d'eintitis tráchtála agus neamhthráchtála, mar shampla Líonraí Gáis Éireann agus MaREI.

Le linn 2019/2020, shínigh Comhairliúchán COC 23 comhaontú comhairliúcháin agus thacaigh sé leo. Tá luach de thart ar €360,000 don bhliain i gceist leis an gconradh seo.

**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh







## Clár IGNITE

Tá Clár Nuálaíochta Gnó IGNITE do Chéimithe deartha mar thaca le céimithe nua gnólachtaí nua a fhorbairt. Thacaigh an clár le 136 bunaitheoir ag obair ar 111 smaoineamh le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta ón mbliain 2011. Fostaíonn gnólachtaí nuathionscanta rathúla 230 duine agus tá níos mó ná €15 milliún de mhaoiniú carntha acu. Chláraigh 18 ngnólacht nuathionscanta eile le IGNITE i mbliana agus iad ag gabháil do dhá chlár 12 mhí a bhí ar siúl. Fuair an clár aitheantas idirnáisiúnta agus é sa chraobh ag Dámhachtainí na Comhdhála um Ionaid Fiontraíochta de chuid an Chuibhreannais Dhomhanda i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Le linn 2019/2020, chuir IGNITE 44 ceardlann leathlae ar fáil mar aon le 22 seimineár agus 22 aoichainteoir. Cuireann saineolaithe ábhair na seimineáir i láthair. Fiontraithe is ea aoichainteoirí IGNITE a bhfuil a ngnólachtaí féin acu agus labhrann siad faoina dturas féin agus gnólachtaí á mbunú acu. Cuireann siad leideanna praiticiúla agus comhairle ar fáil bunaithe ar a dtaithí féin. Ar an iomlán, bhí baint ag 100 fiontraí agus úinéir gnólachtaí leis an gclár mar éascaitheoirí ceardlann, oiliúnóirí, aoichainteoirí agus athbhreitheoirí le linn na bliana. Chuaigh ceardlanna, seimineáir, aoichainteoirí agus athbhreithnithe de chuid IGNITE go léir ar líne i mí an Mhárta 2020 chun cloí le srianta COVID-19. Reáchtáil IGNITE dhá chlár dar teideal 'Saotharlann Gnólachtaí Nuathionscanta'. Seacht n-oíche a thógann na saotharlanna seo agus iad deartha chun smaointe faoi ghnólachtaí nuathionscanta a fhorbairt.

### Buaiphointí Alumni IGNITE

Rinne Alumni IGNITE dul chun cinn nach beag le linn na bliana acadúla 2019/2020:

- Bhuaigh bunaitheoir *ApsisProtect*, an Dr Fiona Edwards Murphy Gradam um Ghnólachtaí Nuathionscanta ag féile bhliantúil in *Silicon Valley dar teideal Silicon Valley Forum Women in Tech Festival 2020*.
- Shroich an Dr Sinead Bleiel, bunaitheir *AnaBio Technologies*, craobh Fhiontraí EY na Bliana.

## Comhoibriú Taighde leis an Tionsclaíocht - Ceannaire Náisiúnta san Infheistíocht

Tá clú agus cáil ar COC i dtaca le comhoibriú le tionsclaíocht. Cuireann an pobal taighde béim i gcónaí ar na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair le gnólachtaí ar bhonn réigiúnach agus idirnáisiúnta. Bíonn an-bhaint idir dul chun cinn ionaid taighde COC, arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Fiontraíocht Éireann, agus compháirtíochtaí láidre agus leanúnacha le tionsclaíocht. Léirigh Suirbhé Bliantúil um Aistriú Eolais go bhfuil ag éirí níos fearr le COC ná le haon institiúid eile in Éirinn. Bunaithe ar na sonraí comparáideacha, ghnóthaigh COC idir 40% agus 50% níos mó ioncaim tionsclaíochta ná aon institiúid eile in Éirinn le cúig bliana anuas ar a laghad. Sa bhliain acadúil seo, ba le comhoibrithe taighde nach mór 75% de ghníomhaíocht cheadúnaithe.

## €80 Milliún tugtha ag Comhlacht Idirnáisiúnta ar Mhac-Chuideachta COC

Cheannaigh comhlacht bithnuálaíochta na Danmhairge, *Novozymes*, mac-chuideachta de chuid COC, *PrecisionBiotics Group Ltd*. Is éard a dhéanann *PrecisionBiotics Group Ltd* ná próibhithigh (bactéir bheo) a fhionnachtain, a fhorbairt agus a chur ar an margadh. Is féidir leo seo sláinte phutóige a fheabhsú in ainmhithe agus i ndaoine. Ar a chuid táirgí tá *Alflorex*® agus *Zenflore*® agus fostaíonn sé 33 duine ag a shuíomhanna ag Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí agus Teagasc na Clocha Léithe i Mainistir Fhear Maí. Ceannaire domhanda is ea *Novozymes* nuair a thagann sé go dtí réitigh bhitheolaíochta agus é ina sholáthraí is mó teicneolaíochtaí einsímí agus miocróbacha. I mí an Mheithimh 2020, cheannaigh *Novozymes PrecisionBiotics Group Ltd* ar €80 milliún.

Thosaigh *PrecisionBiotics Group Ltd* mar *Alimentary Health Ltd*, ar cuireadh tús leis in COC sa bhliain 2001 chun maoin inlteachtaúil a thráchtálú a d'eascair as taighde i micribhitheolaíocht, leigheas gastraistéigeach agus máinliacht. Ó shin i leith, oibríonn sé go dlúth le COC go háirithe in Ionad Taighde SFI APC Micribhithóm Éireann dá chuid. Bhí an obair seo faoi stiúir an Ollaimh Fergus Shanahan i dtosach, arna maoiniú ag roinnt institiúidí rialtas na hÉireann, an

**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh





Aontais Eorpaigh agus ag foinsí eile nach iad. Thacaigh an comhpháirtíocht taighde agus aistrithe eolais seo idir COC agus *PrecisionBiotics* le go dtiocfadh fás rathúil ar an gcomhlacht agus é mar cheannaire ó thaobh próibhitheach de i sláinte phutóige an duine.

Tar éis fiche bliain de thaighde agus tacaíocht, forbraíodh táirgí a théann chun leas sláintiúil an-chuid daoine. Is i gCorcaigh a fhanfaidh na poist a chruthaigh *PrecisionBiotics*. Tá cáil dhomhanda ar Chorcaigh mar áit ina bhfuil sárphobal acadúil a phléann le taighde sláinte putóige agus leis an socrú nua seo beidh *PrecisionBiotics* in ann fás agus forbairt a thuilleadh sa réigiún.

## Dhá Ghradam Náisiúnta Buaite ag Nuálaíocht COC

Bhí Nuálaíocht COC ar an ngearrliosta i dtrí chatagóir i nDámhachtainí Tionchair de chuid Aistriú Eolais Éireann a reáchtáladh i Samhain na bliana 2019:

- COC, Teagasc agus *Suntory* as a gComhoibriú in Institiúid Mhicribhithóim APC;
- Seamus O'Mahony (COC) agus *Abbott Nutrition* as a gCaidreamh Comhairliúcháin;
- Ainmníodh Anthony Morrissey mar Ghnóthachtálaí na Bliana de chuid KTI.

D'éirigh le Nuálaíocht COC in dá chatagóir, agus bhuaigh sé gradam um Thionchar Comhairliúcháin agus Gnólachtaí na Bliana Aistrithe Eolais. Comhartha eile is ea é seo de dhul chun cinn Nuálaíocht COC agus a bhfuil déanta aige ar mhaithe le cuspóirí straitéiseacha COC.

## CUSPÓIR A TRÍ >

# Téigh i mbun agus Gníomhaigh

Luach a chruthú dár bpobal agus meon idirnáisiúnta againn agus sinn ag plé le ceisteanna áitiúla agus domhanda ar bhonn eolasach agus cruthaitheach.

**CUSPÓIR A TRÍ**

# Téigh i mbun agus Gníomhaigh









Tá COC mar chuid de ghluaiseacht dhomhanda d'institiúidí ardoideachais a bhfuil baint shibhialta acu leis an tsochaí agus iad freagrach aisti. Tá se mar aidhm againnn go mbeadh an ollscoil mar ollscoil cheannródaíoch i dtaca le Caidreamh Sibhialta agus Pobail, Réigiúnach, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta.

## Ceannaire Domhanda

Rinne Fondúireacht idirnáisiúnta Carnegie athbhreithniú dearfach ar ghníomhaíochtaí COC i leith caidrimh shibhialta agus phobail agus is aici siúd atá an tagarmharc idirnáisiúnta sna cúrsaí seo. D'éirigh go maith leis an gCaidreamh Pobail le linn 2019/20:




- Tháinig COC sa 32ú háit ar domhan in *Times Higher Education (THE) University Rankings* sa bhliain 2020, rud a léiríonn an tionchar nach beag atá againn ar dhul i ngleic le dúshláin na sochaí.
- Tá COC ina shínitheoir ceannródaíoch de Dhearbhú Talloires um Róil agus Freagrachtaí Sóisialta an Ardoideachais, agus mar Lán-Bhall de Ghréasán Talloires, oibríonn an ollscoil le comghuaillíocht dhomhnada de 402 ollscoil eile a bhíonn ag plé leis an bpobal, in 78 tír, agus rollú de níos mó ná 6 milliún mac léinn acu.
- Sa bhliain 2019, bhuaigh COC Duais idirnáisiúnta MacJannet as an bplé a dhéanann sé leis an bpboal ó Ghréasán Talloires.
- Tá COC ina bhall ceannródaíoch de Ghréasán na hEorpa um Eolas an tSaoil, ina bhfuil cuid de na hollscoileanna is fearr san Eoraip agus ar fud an domhain.

**Tionscamh um Ollscoileanna Eorpacha**

Sa bhliain 2020, thosaigh COC a bheith páirteach i dtionscadal píolótach arna mhaoiniú ag Coimisiún na hEorpa chun **Ollscoil Eorpach na gCathracha Iarthionsclaíocha (UNIC)** a bhunú. Comhguaillíocht d'ocht n-ollscoil Eorpacha is ea í seo agus is iad na hollscoileanna eile: Ollscoil Deusto (an Spáinn), Ruhr-Universität Bochum (an Ghearmáin), Ollscoil Koç (an Tuirc), Ollscoil Liège (an Bheilg), Ollscoil Oulu (an Fhionlainn), Ollscoil Shágraib (an Chróit) agus Ollscoil Erasmus Rotterdam (comheagraí, an Ísiltír). Tá compháirtithe UNIC tagtha le chéile d'fhonn oideachas agus taighde ar ardchaighdeán reigiúnach a fheabhsú agus a mhéadú agus comhoibriú idir-Eorpach ar siúl, rud a thabharfaidh eispéireas fíor-Eorpach foghlama, teagaisc agus oibre do mhic léinn.

Thug Coimisiún na hEopra tacaíocht dar luach €5 milliún ar mhaithe leis an tionscnamh píolótach seo ar feadh trí bliana.

## In éineacht leis an bPobal le linn COVID-19

Tá freagra bunaithe ar mhisean curtha ar bun ag COC do COVID-19 dírithe ar thacaíocht agus tionchar le dealramh a chur ar fáil do dhaoine, pobail agus eagraíochtaí. Tá cumas daonna agus inlteachtúil ár n-ollscoile curtha chun oibre againn, chun acmhainní agus eolas a roinnt go hoscailte agus chun an deis a thapú dul i ngleic le dúshláin eolaíochta agus shochaíocha COVID-19 i slí atá bunaithe ar thaighde agus ar fhianaise. Ar bhonn náisiúnta, taimid ag obair le cheile mar earnáil laistigh de **Chumann Ollscoileanna Éireann** agus le hollscoileanna Éireannacha eile chun troid in aghaidh na paindéime.


Is féidir teacht ar shonraí iomlána na hollscoile i leith COVID-19 ar ár **suíomh idirlín**.

I mí an Mheithimh 2020, labhair an Dr Máire Léane (Scoil na Staidéar Sóisialta Feidhmeach) agus Vera Stojanovic, Scoláire Quercus, le Gréasán Talloires idirnáisiúnta ar a bhfuil ceannairí ó 300 ollscoil a phléann leis an bpobal mar gheall ar fhreagra COC do phaindéim COVID-19.

CUSPÓIR A TRÍ

Téigh i mbun agus Gníomhaigh





## Foghlaim Ghafa

Den chéad uair in Éirinn agus san Eoraip, tá Straitéis Acadúil COC, Ollscoil Chónasctha agus Clár Thréithe an Chéimí (GAP) ag fí caidreamh leis an bpobal isteach inár gcuid clár agus cúrsaí acadúla go léir. Tosaíocht na hollscoile ná na mic léinn a chur ag plé le taighde agus fiosrúchán a bhaineann leis an domhan fírinneach ag gach leibhéal den churaclam. Ciallaíonn an cur chuige seo go bhfuil ár gcuid ball foirne agus mac léinn ag obair leis an bpobal mór chun dul i ngleic le chéile le dúshláin na sochaí, rud a théann chun tairbhe dár réigiún agus dár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus foghlaim ar siúl againn a théann i bhfeidhm ar dhaoine, pobail agus eagraíochtaí. Cruthaítear leis an gcur chuige i leith fhoghlaim na mac léinn spás do mhachnamh uile-institiúide mar gheall ar luachanna an oideachais, tréithe an chéimí san áireamh, agus aontacht an taighde, an teagaisc agus an chaidrimh chun leas an phobail i gcoitinne. Ar na tionscnaimh tá:

- Tá sraith de shainchúrsaí 'foghlama seirbhíse' bunaithe sa phobal á bhfí isteach inár gcuraclam fochéime, arna tacú ag clár Erasmus+ de chuid an Aontais Eorpaigh.
- Comhoibriú idir modúl foghlama gafa sa tSíceolaíocht Fheidhmeach le hIonad Chorcaí um Thacaíocht na nImirceach chun staidéar a dhéanamh i gcomhar ar na dúshláin roimh theifig agus iarrthóirí tearmainn i gCathair Chorcaí. Oibríonn mic léinn ar mhodúl dar teideal *Becoming a Healthcare Professional* sa Teiripe Shaothair chun tacú le clubanna oibre baile bunaithe go háitiúil ar feadh dhá sheimeastar.
- Eiseamláir náisiúnta is ea an *Bystander Intervention Module* de chuid COC maidir le foghlaim ar mhaithe le tionchar sochaíoch. Freagra spriocdhírithe is ea an clár seo agus é ar fáil don 22,000 mac léinn ar an gcampas i dtaca le meas gnéasach agus feasacht toilithe go ginearálta.

## Taighde Gafa

Forbraíonn cur chuige 'Taighde Gafa' de chuid COC tionchar beartas agus cleachtais mar aon le torthaí a théann chun tairbhe do dhaoine, pobail agus eagraíochtaí. Tá fócas ar leith ag ár straiteis taighde chun dul i ngleic le dúshláin na sochaí agus chun taighde sóisialta agus eolaíochta a chur chun cinn sa tsochaí.

Tacaímid leis an taighde gafa a fhí isteach inár gcuid institiúidí taighde, atá i mbun réimse leathan tionscnamh a bhaineann lena bhfócas disciplíneach.

- Tá fócas ar leith ag Institiúid na hEolaíochta Sóisialta san 21ú hAois (ISS21) ar eolas a chomhchruthú leis an tsochaí, ag bailiú le chéile foirne idirdhisciplíneacha a dhíríonn ar thaighde na heolaíochta sóisialta a bhfuil tionchar aige agus a théann chun tairbhe do dhaoine tuata, pobail agus eagraíochtaí agus baint acu go léir leis an taighde.
- Bhunaigh *Ionad MaREI* arna mhaoiniú ag SFI Bord Comhairleach Gafa. Tá gréasán RING um Thaighde agus Nuálaíocht Freagrach (RRI), faoi stiúir MaREI, ag tacú le foireann taighde ar bhonn áitiúil agus idirnáisiúnta chun plé le baill éagsúla sa tsochaí (saoránaigh, lucht déanta beartas agus lucht gnó) le linn an phróisis taighde agus nuálaíochta.
- Tá saineolaithe Taighde Ghafa ceaptha ag Ionad Taighde Micribhithóim API ar a Bhord Comhairleach Eolaíochta agus é ag tabhairt tús áite do thaighde gafa mar chuid dá mhisean oideachais agus caidrimh phoiblí. Ceannaire domhanda a bhfuil dea-theist air is ea Ionad INFANT dár gcuid chun polasaí cúram sláinte agus máithreacha ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur chun cinn agus chun tionchar a imirt ar an bpolasaí sin.

## Sochar na Sochaí ó Chaidreamh Poiblí agus For-Rochtana

Gach bliain, téann COC i mbun cainte le saoránaigh, pobail agus eagraíochtaí. Ag cur le dul chun cinn ár ngníomhachta for-rochtana, reáchtáladh dha imeacht phoiblí nua le linn na bliana acadúla seo: *UCC Relevance to You* agus *Seachtain Phobail COC*.

D'óstáil an Dr Jean Van Sineren Law and chéad sraith de *UCC Relevance to You* ar feadh trí oíche le linn mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna arna gcur i láthair ag an Ionad um Oideachas Feidhmitheach de chuid Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí i gCé Lapp mar ar roinn 13 acadóirí de chuid COC le lucht féachana poiblí a gcuid oibre agus an tionchar atá aici ar an tsochaí.

Den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2019 tharla **Seachtain Phobail** de chuid

## CUSPÓIR A TRÍ

# Téigh i mbun agus Gníomhaigh




COC. Clár d'imeachtaí poiblí agus pobail saor in aisce a bhí i gceist agus rinne Seachtain Phobail caidreamh poiblí a cheiliúradh le COC ar an gcampas agus lasmuigh de. Léirigh an t-imeacht seo go bhfuil COC ag obair ar mhaithe le sochaí atá níos ionchuimsithí, níos eiticiúla agus níos inbhuanaithe agus é nasctha le heagraíochtaí pobail.

**Ag Cur le Díospóireacht Phoiblí**

Is ar bhonn gníomhach a chuireann taighdeoirí COC le ***RTÉ Brainstorm*** agus le ***The Conversation***, iad ag cur ar fáil don phobal taighde anailís atá bunaithe ar thaighde neamhspléach mar gheall ar mhórdhúshláin shochaíocha, rud a chuireann leis an dioscúrsa gníomhach sibhialta.


## Alumni agus Forbairt

D'éirigh thar barr le dhá mhórhcuspóir aisrithe le linn 2019-2020. Mhéadaigh Alumni agus Forbairt cumas digiteach d'fhonn teagmháil a dhéanamh le alumni, lucht tacaíochta agus cairde ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil, agus ardán nua curtha i bheidhm aige chun caidreamh a dhéanamh le alumni agus chun airgead alumni a thiomsú. Anuas air sin, cuireadh críoch le tionscnamh suntasach um fheabhsú sonraí alumni.

Seoladh an t-ardán nua iontach seo, *iModules*, ar an 21 Iúil 2020 agus réiteach den chéad scoth i measc na n-institiúidí ardoideachais is ea é chun alumni a thabhairt le chéile agus chun airgead alumni a thiomsú. Tagann sé in áit an ardáin alumni agus tiomsaithe airgid ar bhain COC úsáid as ar feadh 10 mbliana.

Mar thoradh air seo, tá na huirlisí digiteacha ag COC chun mórthionchar a imirt ar chaidrimh alumni. Cuireann an bealach nua seo ar chumas COC eispéireas gairmiúil agus lán-chomhtháite a chur ar fáil do alumni agus iad ag nascadh leis an ollscoil, ag fanacht i dteagmháil léi agus lena gcomh-alumni.

Léirigh an roinn méadú suntasach ar ghníomhaíochtaí caidrimh alumni, agus tháinig méadú faoi chúig ar ghníomhaíochtaí cumarsáide, mar aon le fócas nua ar an oifig a chur i láthair mar raon feidhme proifisiúnta, laistigh de COC agus dá alumni agus dá gheallsealbhóirí.



Buaicphointe don fhoireann a léiríonn an tionchar suntasach sa ghné seo ab ea an gradam *Circle of Excellence* a bhuaigh siad ó CASE (An Chomhairle um Fhoras agus Tacaíocht an Oideachais) as straitéis cumarsáide digití.

Chinntigh an straitéis cumarsáide digití, lena n-áirítear feachtas thionchar COVID-19, gur coimeádadh geallsealbhóirí na hollscoile ar an eolas agus cothrom le dáta mar gheall ar phríomhtheachtaireachtaí na hollscoile. D'éirigh le Alumni agus Forbairt feachtas maoirseachta COVID-19 a chur i bhfeidhm dar teideal, '*A University Response to a Universal Emergency*', inar scaipeadh sainsócmhainní digiteacha agus cumarsáid spriocdhírithe ar dheontóirí, lucht tacaíochta agus alumni.

Tá sé i gceist críoch a chur i mí na Nollag 2020 le tionscadal forais sonraí a chuirfidh feabhas as cuimse ar thaifid alumni COC. Mar thoradh ar an tionscadal, beifear in ann taifid anailíseacha níos fearr a chruthú agus tacóidh an tionscadal le riachtanais agus éilimh na hollscoile agus phobal na hollscoile.

Seoladh *Dámhachtainí Thionchar Daonchairdis COC* den chéad uair i mí an Mhárta 2020 díreach roimh an gcéad ordú dianghlasála de dheasca COVID-19. Imeacht clúiteach débhliantúil é seo a d'aithin triúr as a dtacaíocht daonchairdis, faoi réir ag na catagóirí seo leanas: Comhlachtaí corparáideacha, Iontaobhais agus Fondúireachtaí; agus duine aonair. Léirigh an t-imeacht seo freisin an tairbhe a bhaineann le daonchairdeas do Choláiste na hOllscoile Corcaigh. Reáchtálfar *Dámhachtainí Thionchar Daonchairdis COC* arís i mí an Mhárta 2022.

D'ainneoin gur cailleadh príomhról forbartha ceannaireachta ag tús na bliana acadúla 2019-20, bhí ag éirí go maith feachtais tiomsaithe airgid (KPInna) don bhliain 2019-2020 go dtí lár mhí an Mhárta, agus gach cosúlacht ar an sceal go ndéanfaí iad a shárú faoi dheireadh na bliana. Bhí drochthionchar ag COVID-19 i mí an Mhárta áfach ar dhlús a chur le bronntanais a sholáthar go tráthúil. Chuir an phaindéim moill leis ar earcú straitéiseach roinnt ról ceannaireachta agus tiomsaithe airgeadais laistigh de raon feidhme na Forbartha. Ach tá an fhoireann ag obair le deontóirí straitéiseacha i gcónaí, in ainneoin na ndúshlán a bhaineann le tiomsú airgeadais le linn paindéime.

## CUSPÓIR A CEATHAIR

# Earcaigh agus Forbair

Baill foirne ar ardchaighdeán a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád agus tacú leo d'fhonn éagsúlacht ina measc a chinntiú agus atá in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach.

**CUSPÓIR A CEATHAIR**

# Earcaigh agus Forbair






Fostaíonn COC thart ar 3,000 ball foirne i réimse grúpaí feidhmeacha: acadúil, taighde, teagasc, bainistíocht, riarachán, teicniúil agus seirbhísí. Meallann an ollscoil baill foirne ó gach cearn den domhan agus faoi láthair, tá baill foirne ó níos mó ná 50 tír againn.

Cé go ndírímid ó lá go lá ar bhaill foirne a mhealladh, a fhorbairt agus tacú leo, agus go gcinntímid go bhfuil éagsúlacht sa lucht oibre, mar thoradh ar an aistriú go dtí cianobair don bhliain acadúil 2019/20 bhí ualach oibre ar Roinn na nAcmhainní Daonna chun tacú le bainisteoirí líne agus le fostaithe agus iad ag dul i dtaithí ar chianobair.

## Ag Forbairt agus ag Tacú le Baill Foirne

Tar éis dhúnadh an champais agus an aistrithe go dtí cianobair de dheasca COVID-19, bhí an ollscoil meáite ar dheimhin a dhéanamh de gurbh ann do chláir fholláine na foirne chun tacú leis an aistriú seo. Chuir Roinn na nAcmhainní Daonna deiseanna ar fáil do bhaill foirne páirt a ghlacadh i ngréasáin phiarthacaíochta, cóitseáil, ceardlanna agus cláir ghrúpa mar aon le gníomhaíochtaí folláine agus atreorú go dtí ár Soláthraí Cúnaimh d'Fhostaithe.

### Seoladh *Spectrum.Life* - Soláthar Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Tá COC ag obair i gcomhar le *Sepctrum.Life* anois, na soláthraithe EAP nua. Is é *Spectrum.Life* an soláthraí is mó seirbhísí sláinte agus folláine d'fhostóirí in Éirinn agus é ar an aon chomhlacht folláine san áit oibre amháin a thairgeann folláine dhigiteach nó ar an láthair. Tá teacht ag baill foirne COC anois ar chomhairle teileafóin agus seisiúin chomhairleoireachta saor in aisce mar aon le hArdán agus Aip Folláine shaincheaptha lena n-áirítear teacht ar theirpe chognaíochta agus iompraíochta ar líne. Clúdaítear in san Ardán agus Aip Folláine topaicí sna trí phríomhréimse seo: folláine mheabhrach, cothú agus cleachtadh coirp. Cuireann a seirbhís comhairleoireachta faoi rún tacaíocht ar fáil d'fhostaithe mar aon lena gcéilí, a bpáirtithe sibhialta nó a gcleithiúnaithe.

### Ballraíocht Chomhlach de Ghréasán na nOllscoileanna Sláintiúla

Le linn na bliana acadúla 2019-2020, scrúdaigh an ollscoil samplaí eile den chomphháirtíocht maidir le folláine fhoireann COC. D'éirigh le COC agus iarratas déanta againn a bheith mar Bhall Comhlach de **Ghréasán na nOllscoileanna Sláintiúla**. Beidh an bhaint leis an ngréasán saor in aisce seo ina cúnamh chun deimhin a dhéanamh de go dtugtar tús áite i gcónaí do chúrsaí folláine agus caidreamh á dhéanamh leis an bhfoireann in COC agus is féidir anois an ghné seo a chur i gcomparáid le hinstitiúidí cosúla.

## Forbairt Cheannaireachta

### Clár Bancheannaireachta *Aurora*

Fuarthas 49 iarratas do Chlár Bancheannaireachta *Aurora*, an líon ab airde ó cuireadh tús leis sa bhliain 2014 agus bhronn COC 20 áit ar bhaill foirne arís. Ar an iomlán, ghlac 126 duine in COC páirt sa chlár go dtí seo.

### Painéal um Chóitseáil Inmheánach COC

Tar éis dianphróiseas iomaíoch iarratas a chur ar bun, rinneadh painéal cóitseála de 15 ball foirne sa bhliain 2019/20. I mí Mheán Fómhair 2019, thug baill foirne faoin Teastas Iarchéime i gCóitseáil Phearstanta agus Bhainistíochta le hAosoideachas Leanúnach. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo cultúr cóitseála a chruthú agus a chothú i bpobal leathan agus cónasctha COC. Ag deireadh an chláir, beidh ar na cóitseálaithe a bheith ar fáil ar líne chun cóitseáil a sholáthar do bheirt ball foirne inmheánacha de chuid COC sa turas. Tionscnamh corraitheach is ea an tionscnamh nua seo agus é mar chéad chéim chun painéal cóitseála éagsúil agus dinimiciúil a thógáil in COC.

**CUSPÓIR A CEATHAIR**

# Earcaigh agus Forbair



D'fhaomh an tÚdarás um Ard-Oideachas dhá phost SALI in COC i Stair Insnce na hÉireann agus in Eolaíocht Micribhithóm agus Eolaíochta Sláinte.

**An tOllamh Dagmar Schiek mar Chathaoirleach Mhuintir Synnott i nDlí an AE**

Earcaíodh an tOllamh Dagmar Schiek mar Chathaoirleach Mhuintir Synnott i nDlí an AE, cuid de thionscnamh straitéiseach chun dlí an AE a fhorbairt mar chúram lárnach na scoile. Tá se mar aidhm ag an scoil ionad taighde a bhfuil dea-theist dhomhanda air ó thaobh dhlí an AE de a fhorbairt faoi cheannaireacht an Chathaoirligh seo d'fhonn buntáiste a bhaint as na deiseanna a éiríonn as Breatimeacht agus tábhacht na hÉireann mar stát faoin dlí coiteann san AE, tábhacht atá ag fás.

**Oiliúint ar Líne agus Ceardlanna Forbartha**

Le linn mhí Bealtaine 2020, d'éascaigh Folláine agus Forbairt na Foirne roinnt ceardlann agus clár ar líne nua do bhainisteoirí agus comhgleacaithe ar fud COC. Ar na topaicí a clúdaíodh bhí:

- Ag dul i dtaithí ar an gcianobair mar chuid d'fhoreann - cumarsáid agus caidreamh a dhéanamh ar shlí dhifriúil le comhghleacaithe.
- Ag bainistiú do chuid ama oibre - ag obair go héifeachtach, ag fanacht dírithe agus ag plé le cur isteach.
- Ag bainistiú cruinnithe ar líne do cheannairí foirne agus bainisteoirí.
- Ag léiriú ceannaireachta - ag cur stíl do cheannaireachta in oiriúint don chianobair.
- Ag bainistiú athraithe.
- Éascaítear chomh maith cláir i scileanna muiníne, forbairt ghairme agus cumarsáid.

Glacann baill foirne páirt nach beag sna cláir agus tionscnaimh seo go léir agus ábhar sásaimh agus tairbhe dóibh na naisc a dhéantar agus na tuairimí agus an taithí a roinntear lena chéile.

## Mórcheapacháin

**Tionscnamh Ceannaireachta Acadúla Sinsearaí**

I mí an Mheithimh 2019, sheol an tÚdarás um Ard-Oideachas tionscnamh nua chun dul i ngleic leis an nganntanas ar róil chennnaireachta sinsearaí laistigh d'institiúid ardoideachais (HEInna) Tá sé mar aidhm ag an Tionscnamh Ceannaireachta Acadúla Sinsearaí (SALI) tacú le HEInna gníomh dearfach a dhéanamh chun dlús a chur lena gcuid cuspóirí agus aidhmneanna i leith comhionnanais inscne agus éagsúlachta agus iad a bhaint amach. Forbraíodh é seo i gcomhar le meitheal d'ionadaithe ó na HEInna.

## Tionscadal Threochlár *CoreHR* (2017-2020)

Mórthionscadal straitéiseach faoi réir ag Cuspóir 5 de Phlean Straitéiseach na hOllscoile is ea Tionscadal Threochlár *CoreHR* chun an bonneagar a threisiú mar aon lenár mbunús acmhainní. Bhí ríomhearcaíocht mar chuid de chéad chéim an tionscadail seo; Iarratais ar Shaoire ar Líne ar Fhéinfhreastal na bhFostaithe (ESS); Iarratais ar Oiliúint ar Líne ar ESS agus iontráil bileog ama d'úsáideoirí roinne ar Chóras Faisnéise na nAcmhainní Daonna (HRIS).

Sa chéad chéim eile den tionscadal, déanfar uasghrádú ar ardán *CoreHR*, a thacaíonn le córais HR agus phárolla na hollscoile, go dtí an leagan is déanaí atá ar fáil agus aistriú go dti seirbhís néil arna hóstáil ag *CoreHR* a gcuirfear críoch leo i mí an Mhárta 2020. Is chun tairbhe do phobal na hollscoile an chéim seo:

- Beidh COC in ann lánúsáid a bhaint as an táirge is déanaí agus é sin a optamú d'fhonn freastal ar éilimh ghnó chasta a bhíonn ag athrú.
- Cuirfear feabhas ar eispéireas an úsáideora agus beidh comhéadan níos nua-aimseartha ann le haghaidh úáideoirí.
- Beifear in ann tacú le níos mó próiseas HR agus Párolla ar ardán *Core* agus iad uathoibrithe.
- Cuirfear réiteach comhtháite sonraí bailí ar fáil a fhreastalaíonn ar éilimh tuairiscithe chóras COC.
- Cloífear le straitéis chur i bhfeidhm bhogearraí *CoreHR N-2* ar réiteach *CoreHR SAAS*.
- Cuirfear bogearraí uathoibrithe ar fáil go minic a dheisíonn fabhtanna agus a thacaíonn le feidhmiúlacht.
- Feabhsófar staid COC mar luathghlacóir/thionchaire i dtioscadal párolla seirbhísí roinnte.
- Maolófar riosca oibriúcháin.

## CUSPÓIR A CÚIG

# Maoinigh agus Tóg

Cur lenár mbonneagar agus lenár mbonn acmhainní.

**CUSPÓIR A CÚIG**

# Maoinigh agus Tóg







## Forbairtí Caipitiúla

Lean clár caipitiúil na hollscoile ar aghaidh le linn 2019-20 agus rinneadh dul chun cinn suntasach i roinnt tionscadal gníomhach in ainneoin éifeacht phaindéim COVID-19. Saoráid iasachta Bhanc Infheistíochta na hEorpa a thacaíonn le clár dar luach €250 milliún mar bhonn leis an gclár caipitiúil go príomha. Fuarthas tacaíocht do Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí ó Chiste Bhonneagar Straitéiseach an Ardoideachais go déanach sa bhliain 2019.

### Scoil agus Ospidéal Fiaclóireachta na hOllscoile Corcaigh

Tá an Scoil Fiaclóireachta lonnaithe ar champas Ospidéal na hOllscoile Corcaigh faoi láthair. Táthar ag moladh anois go n-aistreofaí go dtí Páirc Eolaíochta agus Nuálaíochta sa Churraichín, rud a thacóidh le níos mó mac léinn fo- agus iarcheime a theagasc go héifeachtach. Tá an tionscadal seo ina ghné lárnach de thionscadail arna maoiniú ag EIB.




Ceapadh foireann deartha faoi stiúir *Reddy Architecture and Urbanism* i mí Iúil 2018. Faomhadh cead pleanála don tsaoráid cúig stór 8,710m$^2$ i mí Lúnasa na bliana 2019. Cé gur cuireadh isteach ar chéim an deartha mhionsonraithe de dheasca na paindéime mar aon le dréachtathraithe faoi réir ag caighdeáin aeraithe, táthar ag súil go lorgófar tairiscintí maidir le tógáil na saoráide go luath sa bhliain 2021. D'fhéadfadh an obair thógála tosú chomh luath agus mí an Mheithimh 2021 agus bheifí ag súil leis an obair a bheith curtha i gcrích faoi mhí Iúil 2023.

### Institiúid Náisiúnta Tyndall

Tá pleananna ag dul ar aghaidh i gcónaí do mhórfhorbairt nua ar shuíomh an Mheal Thuaidh go díreach trasna chainéal thuaidh na Laoi ó shuíomh Theach Braice Cois Laoi. Ceapadh foireann deartha faoi stiúir *Scott Tallon Walker* chun mórfhoirgneamh ar leith a fhorbairt faoi réir ag máistirphlean an tsuímh a forbraíodh leis na comhúinéirí, Ospideal Ollscoile na Trócaire. Tá an tionscadal ina bhunghné de Thionscadal Éireann 2040 (Creat Pleanála Náisiúnta) agus an Plean Forbartha Náisiúnta (2018-2027). Táthar ag súil go ndéanfar iarratas ar chead pleanála (lena n-áirítear Tuairisc shonraithe Measúnachta Tionchair Timpeallachta) go luath sa bhliain 2021.

Cuireadh críoch le roinnt tionscadal eile in Tyndall sa bhliain 2019/2020 agus cinn eile faoi lánseol:

- Cuireadh críoch le spásanna saotharlainne le haghaidh trealaimh nua i mBloc A agus C go luath sa bhliain 2020.
- Cuireadh críoch le spás nua trealaimh i bhFómhar 2020 faoin 'Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha'.
- Táthar ag súil go gcuirfear críoch leis an athchóiriú ar an bhfoirgneamh mar chuid de Chéim 3 go déanach sa bhliain 2020.
- Lean an dearadh a bhain le hathlonnú dhá shaotharlann ó Bhloc C go dtí Bloc A ar aghaidh agus fuarthas tairiscintí i mí Mheán Fómhair 2020.

## CUSPÓIR A CÚIG

# Maoinigh agus Tóg








**Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí**

Tar éis seanshuíomh *Cork Savings Bank* a cheannach agus a athfhorbairt, tá pleananna ag dul ar aghaidh mar gheall ar fhoirgneamh nua CUBS a thógáil i lár Chathair Chorcaí. Is ann a lonnófar ranna acadúla gnó atá ann cheana féin agus beidh saoráid chomhtháite ann le haghaidh gníomhaíochtaí fo- agus iarchéime mar aon le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Cuireadh críoch le hanailís costais is tairbhe don tionscadal agus ceannaíodh suíomh 1.46 acra ar Ché na gCeannaithe. D'éirigh le COC sa bhliain 2019 tacaíocht a fháil i leith chostas iomlán an tionscadail i gcomórtas Chiste um Bonneagar Straitéiseach (HESIF) de chuid an ÚAO. Tá foirne deartha éagsúla ar an ngearrliosta tar éis dóibh a gcuid cáilíochtaí a chur in iúl agus tá sé i gceist tairiscintí a lorg ó na foirne seo go luath sa bhliain 2021.

**Scoil Chliniciúil agus Leighis Ollscoil Chorcaí**

Tá sé beartaithe saoráid nua a thógáil ar champas an CUH i gcomhar le FSS is í sin Scoil Chliniciúil agus Leighis. Cheap COC/FSS foireann deartha faoi stiúir *Avanti Architects* chun an tsaoráid seo a dhearadh agus é beartaithe go mbeidh sí lonnaithe in aice le príomhbhealach isteach an ospidéil. Cuirfidh sí áiseanna tábhachtacha tacaíochta agus teagaisc ar fáil do mhic leinn leighis atá lonnaithe san ospidéal. Beidh saoráid de chuid FSS san fhoirgneamh chomh maith ag díriú ar ghairmithe sláinte comhghaolmhara eile. Cuireadh críoch leis an staidéar féidearthachta i mí Feabhra 2020 agus próiseáladh an t-iarratas pleanála na linn na bliana 2020.

Deineadh plé le geallsealbhóirí éagsúla i dtaca le saoráidí scoile leighis cosúla in Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas agus Ospidéal na hOllscoile Phort Láirge, agus iad mar chuid de Ghrúpa Ospidéil an Deiscirt / an Iardheiscirt.

**Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann**

Imríonn COC ról ceannaireachta san fhorbairt atá molta do Pháirc Eolaíochtaí agus Nuálaíochta Chorcaí (CSAIP) sa Churraichín. Tapaíonn CSAIP an deis don réigiún cur leis an bhfostaíocht eolasbhunaithe agus taighde a chur i láthair mar aon le gnólachtaí nuathionscanta ar ardchaighdeán agus saoráidí fáis go dtí lándéantúsaíocht den chéad scoth. Agus Creat-Mháistirphlean forbartha don pháirc ina hiomláine, rinneadh Máistirphlean Líomatáiste a ullmhú do thailte COC i Liomatáiste 2. Ar na chéad fhoirgnimh a mholtar don áit tá Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann. Beidh sé i gceist leis an tionscadal seo foirgneamh ar ardchaighdeán a thógáil ina bhfuil croíshaoráidí mar aon le spás do chomhlachtaí atá ag fás amach as saoráidí gorlainne atá ann cheana féin sa cheantar. Tugadh lánchead pleanála ar an 4 Márta 2016. Tugadh cead pleanála athbhreithnithe i mí an Mheithimh 2018. Is iomaí post a chruthóidh an tionscadal seo agus tiocfaidh forbairt eacnamaíoch ar an réigiún faoi réir ag an gCreat Pleanála Náisiúnta agus an Plean Forbartha Náisiúnta. Cuireadh dearadh mionsonraithe an fhoirgnimh i gcrích sa bhliain 2017 agus lorgaíodh tairiscinti go déanach sa bhliain 2018. I láthair na huaire, tá COC ag obair le comhpháirtithe eile d'fhonn Conair Nuálaíochta Chorcaí a fhorbairt agus beidh an tionscadal seo mar an gcéad chéim thábhachtach.



**CUSPÓIR A CÚIG**

# Maoinigh agus Tóg





**Iostas na Mac Léinn**

Ceannaíodh suíomh Nead an Phréacháin sa bhliain 2016 agus ceapadh foireann deartha i mí Lúnasa 2016, Tugadh cead pleanála le haghaidh na forbartha seo ina mbeidh ceithre thúr le 255 leaba do mic léinn mar aon le saoráid leighis i mí an Mhárta 2018. Cuireadh tús leis an obair thógála i mí na Samhna 2019. Chuir an phaindéim isteach ar dhul chun cinn na hoibre seo agus táthar ag súil anois go gcuirfear críoch leis an tionscadal go luath sa bhliain 2022.

Rinneadh athchóiriú / uasghrádú ar thrí cinn de na cúig bhloc i Muilte Victoria le linn shamhradh 2019. Tá sé i gceist againn leanúint ar aghaidh leis an athchóiriú seo ar an dá bhloc atá fágtha amach anseo.

**Áras Kane**

Tugann an ollscoil tús áite do mhór-athchóiriú a dhéanamh ar Áras Kane agus síneadh a chur leis. Ceapadh foireann deartha agus d'fhorbair siad máistirphlean iomlán maor aon leis na céimeanna a bheadh i gceist chun an t-athchóiriú a thabhairt chun críche. Táthar ag súil go maoineoidh an stát agus daonchairdeas an tionscadal seo. Cuireadh tús le réamhoibreacha le linn shamhradh 2019. Tá oibreacha ar siúl chomh maith ar shaotharlann chreatha shárísil nua, ardteicniúil san íoslach ar an taobh thuaidh den fhorigneamh. Tá na hoibreacha foirgníochta le bheith críochnaithe i mí Dheireadh Fómhair agus na faighneoga éisteachta i mí na Nollag.

**Spórt COC**

Tá infheistíocht shuntasach beartaithe ag an ollscoil dá saoráidí spóirt faoin aer. Táthar ag moladh go bhforbrófaí Ionad Feabhais Spóirt nua ar ár dtailte ar Bhóthar an Churraichín (lámh le Cumann Talmhaíochta na Mumhan). Cuimseofar sa tionscadal seo páirceanna nua uile-aimsire agus páirceanna féir agus pailliún nua-aimseartha mar a mbeidh seomraí feistis, soemraí foirne, áiseanna lónadóireachta srl. Tá straitéis ghinearálta spóirt ullmhaithe agus beidh seo mar bhonn le forbairtí ar an Muirdíog agus sa Churraichín.

Táthar ag plé leis na roghanna seo maidir le forbairtí sa ghearr- / mheántéarma: an Mhuirdíog (athfhorbairt ar an ardán, seomraí feistis, páirc shintéiseach, srl.), an Fheirm (athchóiriú ar na seomraí feistis, páirc shintéiseach, tuilsoilse srl.) agus an Mhuiríne (áiseanna ramhaíochta i gcomhar le Coláiste na Toirbhirte agus Comhairle Cathrach Chorcaí).

**Riaráiste Cothabhála**

Tá idir fhoirgnimh nuathógtha agus fhoirgnimh de gach aois i riochtanna éagsúla in eastát na hollscoile. I suirbhé a deineadh ar riocht na bhfoirgneamh, aithníodh go bhfuil gá le mórinfheistíocht a dhéanamh ar c. 25% dár gcuid foirgneamh agus clár fadtéarmach dar luach c. €150 milliún chun dul i ngleic leis na heasnaimh sna foirgnimh agus sa bhonneagar. Agus an gá le hinfheistíocht tugtha chun solais, príomhthionscadal an chláir EIB thosaigh ab ea Céim I de chlár riaráiste cothabhála. Chuaigh seo i ngleic le cúig théama (sláinte agus sábháilteachta, seirbhísí agus déanamh na bhfoirgneamh, fuinneamh agus éilimh ó thaobh árachais de) agus cuireadh críoch rathúil le raon leathan tionscadal faoi na cúig théama seo. Anuas air sin, mar chuid den chlár caipitiúil, tugadh faoi roinnt tionscadal athchóirithe/bonneagair le linn 2019/2020. D'éirigh linn chomh maith tacaíocht a fháil i leith roinnt tionscadal feabhsaithe fuinnimh ó scéim de chuid SEAI dar teideal *Better Energy Workplaces*. Bhain an ollscoil a sprioc de 33% amach go luath maidir le Laghdú Fuinnimh 2020 de chuid na hEarnála Poiblí.

**CUSPÓIR A CÚIG**

# Maoinigh agus Tóg






## Tionscadail Eile

**Léargas ar Mháistirphlean Forbartha COC**

Tá athbhreithniú ar Mháistirphlean Forbartha COC faoi lánseol. Rinneadh athbhreithnithe eile ar an bplean a scríobhadh in 1973 sna blianta 1993, 2004 agus 2011. Táthar ag súil go gcuirfear críoch leis an athrú go déanach sa bhliain 2020, le go bhféadfaí é a chur faoi bhráid Chomhairle Cathrach Chorcaí mar chuid dá Plean Forbartha Cathracha nua (2022-2028).

Rinne COC aighneachtaí straitéiseacha mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí a sholáthar do Phleananna Forbartha Chathair agus Chontae Chorcaí araon i mí Iúil agus i mí Lúnasa faoi seach.

Tá tábhacht nach beag ag baint le tacaíocht ó Fhondúireacht Ollscoil Chorcaí do phlean forbartha fisiciúla na hollscoile maidir lenár gclár caipitiúil. Tá talamh réasúnta beag ag COC i gcomparáid le hollscoileanna Éireannacha eile. Cruthaíonn seo brú suntasach ar fhorbairtí san ollscoil amach anseo. Tá COC ag súil le mórinfheistíocht ón stát chun tacú le bonneagar na hollscoile trí Thionscadal Éireann 2040 agus tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta (2018-2027). Leanann COC lena chuid oibre i gcomhar leis an ÚAO agus le húdaráis áitiúla chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil ar chumas na hollscoile freastal ar éilimh forbartha amach anseo ar bhonn inbhuanaithe.

**Mol Cruthaitheach**

Tá pleananna ag COC maidir le mórfhorbairtí caipitiúla eile, Mol Cruthaitheach do Choláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta san áireamh. Rinne COC iarratas i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí ar mhaoiniú faoin gCiste Forbartha um Athfhoras Uirbeach (URDF) i mí an Mhárta 2020.

**Ionad Cúraim Phríomhúil Mhuire**

Cuireadh críoch leis an obair ar an spás in Ionad Cúraim Phríomhúil Mhuire i nGarrán na mBráthar sa bhliain 2020 le haghaidh Cleachtaidh Dochtúirí Teaghlaigh, agus le haghaidh Oiliúint agus Shláinte agus Fholláine na nDochtúirí Teaghlaigh. Cuireadh críoch le staidéar féidearthachta i mí Mheán Fómhair 2020 do Mhol Fiaclóireachta Coiscthí.

**Pleanáil Chomaitéireachta**

Rinneadh uasdátú ar Phlean Comaitéireachta COC i samhradh 2020 - an chéad uasdátú ó forbraíodh an plean bunaidh sa bhliain 2005. Tá scóp níos leithne ag an bplean uasdátaithe ná mar a bhí ag an bplean bunaidh mar go leagtar béim ann ar thábhacht na modhanna taistil inbhuanaithe ar chúiseanna timpeallachta, aeráide agus sláinte mar aon leis na cúiseanna maidir le rochtain ar an gcampas.

Cuireadh tús le pleanáil agus ceannach d'uasghrádú bhonneagar na gcarrchlós in earrach 2020. Lorgaíodh tairiscintí maidir le córas bainistithe carrchlóis nua i samhradh 2020 agus táthar ag súil go mbeidh an córas nua faoi lánseol in earrach/samhradh 2021.

Tógadh caighean nua le haghaidh rothar sa charrchlós faoin talamh sna hEolaíochtaí Bitheacha. Is gá cead a fháil chun an caighean seo a úsáid mar a bhfuil spás ann do 45 rothar agus tá taisceadáin ann chomh maith.

Cuireadh cúig thaisceadán rothair ar leith isteach ar an taobh theas d'Áras Kane. Scéim phíolótach í seo a ndéanann freastal ar úsáideoirí ríomh-rothar.

Chuathas i mbun cainte le hionadaithe ó Chomhairle Cathrach Chorcaí maidir le stáisiúin phoiblí rothar bhreise ar Bhóthar an Cholaiste (méadú ar scéim Rothair Chorcaí). Tá stáisiún á thógáil ar Ascaill Chonnacht faoi láthair. Táthar i mbun pleanála le haghaidh stáisiúin in BHSC chomh maith.

**CUSPÓIR A CÚIG**

Maoinigh agus Tóg





# Buaicphointí na Bliana Airgeadais 2019/2020

Chruthaigh tionchar phaindéim COVID-19 ar gach gné de ghníomhaíocht na hollscoile dúshláin airgeadais nach beag. Baineadh an t-easnamh grúpa iomlán de €2.6 milliún amach ach bainistiú láidir buiséadach a bheith déanta mar aon le feabhsú leanúnach ar straitéisí chun maoiniú nach dtagann ón státchiste a fháil - go háirithe earcú mac léinn idirnáisiúnta. Ach cuireadh isteach go mór ar ioncam ó fhoinsí tráchtála eile (siopaí an champais, lámhaltais agus fochuideachtaí tráchtála) de dheasca na srianta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm.

Le linn 2019/20, dhíol an ollscoil a scairshealbhú in iar-mhac-chuideachta, *Alimentary Health Ltd*, a bhfuil *PrecisionBiotics Group Limited* anois air le *Novozymes A/S*, comhlacht cógaisíochta na Danmhairge. Bunaithe ar leibhéal gnáthscaireanna na hollscoile ag dáta an díolacháin, bhí luach de €4.16 milliún ar scair láithreach na hollscoile, agus an fhéidearthacht go n-ardódh seo go dtí €6.48 milliún faoin mbliain 2023 ag brath ar aon éilimh i gcoinne an mhéid atá in eascró agus dul chun cinn sásúil an chomhlachta d'fhonn cuspóirí áirithe a bhaint amach tar éis éadála.

Cuirtear Fondúireacht Ollscoil Chorcaí (CUF) san áireamh den chéad uair riamh i ráitis airgeadais chomdhlúite an ghrúpa don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020. Is ann don fhondúireacht seo chun tacú le cur chun cinn oideachas agus thagidhe na hollscoile agus tá a misean léirithe níos mó i gCairt Deontóirí na Carthanachta d'fhonn tacaíocht, maoiniú agus comhairle a ghnóthú do chothabháil na hollscoile mar ollscoil den chéad scoth a bhfuil dea-theist dhomhanda uirthi. Sheas glansócmhainní CUF ag €3.4 milliún ar an 30 Meán Fómhair 2019.

### Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Tháinig titim de €11.7 milliún go dtí €421.1 milliún ar Ioncam Iomlán na bliana. €16 milliún an tuilleamh roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh (EBITDA), méadú de €4.8 milliún sa bhliain 2019. Easnamh de €2.26 milliún glantáirgeacht na bliana.

Is ag dul i laghad atá ioncam státchiste i gcónaí mar sciar den ioncam iomlán. Cé gur tháinig méadú ar dheontais an stáit go dtí 14.6% den ioncam iomlán, léiríonn an méadú seo maoiniú breise aonuaire COVID-19 a fuarthas ón stát chun costais a ghlanadh a d'eascair as an aistriú go dtí cianfhoghlaim agus na riachtanais a bhain le bearta ar an gcampas chun ionfhabhtú a smachtú/a chosc. Táthar ag súil go leanfar leis an nós de laghdú ar mhaoiniú ón státchiste agus gan aon chinnteacht ann do shamhail mhaoinithe don earnáil amach anseo.

Mar chúiteamh, leanannn an ollscoil de bheith ag éagsúlú agus ag cur le foinsí nach dtagann ón státchiste. Tháinig an-ioncam ó mhic léinn idirnáisiúnta dar luach €37.1 milliún, méadú de €1.6 milliún bliain i ndiaidh bliana. Bíonn an ollscoil i gcónaí dírithe ar fheabhas a chur ar an staid seo chun deimhin a dhéanamh de go gcruthaíonn sí dóthain acmhainní ar mhaithe le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach.

**Ioncam**


Tháinig méadú ar tháillí na mac léinn in 2019/20 de bharr líon na mac léinn ag freastal ar an ollscoil a bheith ag fás ar bhonn leanúnach agus mar sin tháinig méadú ar líon na dtáillí a fuarthas.

As ioncam iomlán na dtáillí ioncaim dar luach €151.2, dhíol an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) iomlán de €46.3 thar ceann mhic léinn fochéime an AE, méadú de 2% ar an mbliain roimhe. Ghnóthaigh an ollscoil an €104.9 milliún atá fágtha ó líon níos airde mac léinn ar chláir idirnáisiúnta fochéime agus cláir AE/ idirnáisiúnta iarchéime. Sheas na táillí féintuillte seo ag €3.1 milliún/3% níos airde ná táirgeacht na bliana roimhe, rud a léirigh tosaíocht leanúnach na hollscoile a cuid acmhainní féin a chruthú d'fhonn inbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú.

Tháinig ioncam de €100 milliún ó ghníomhaíocht taighde, laghdú de €5 milliún/5% ó 2018/19. Léiríonn seo laghdú ar ghníomhaíocht taighde de dheasca phaindéim COVID-19.

**CUSPÓIR A CÚIG**

# Maoinigh agus Tóg










Seasann ioncam oibríochta eile ag €41.2 milliún, laghdú de €19.6 milliún/ 32.2% ar an mbliain roimhe, rud a léiríonn timpeallacht eacnamaíochta sheachtrach dhúshlánach d'oibríochtaí tráchtála na hollscoile de dheasca na paindéime. Mar thoradh ar shrianta sínithe sláinte poiblí, cuireadh isteach go suntasach ar an ioncam ó fhochuideachtaí, comhaontaithe lamháltais agus gnó an tsamhraidh, le hiomarcaíochtaí éigeantacha agus gá le leas a bhaint as tacaíochtaí an stáit de réir mar ba chuí. San áireamh in ioncam oibriochta eile is ea €1.36 milliún d'fhóirdheontais phá an rialtais a fuarthas de dheasca phaindéim COVID-19.

**Caiteachas**

Agus líon na mac léinn ag fás i gcónaí, tháinig méadú ar líon na mball foirne buan agus ar théarma seasta, arna bhfostú ag an ollscoil d'fhonn deimhin a dhéanamh de nach gcuirfí isteach níos mó ar chóimheasa idir baill foirne agus mic léinn agus d'fhonn freastal ar íosmhéid na riachtanas foirne a theastaíonn ó chomhlachtaí creidiúnaithe gairmiúla. Ach, thit costais iomlán na foirne thar ghrúpa COC le €1 milliún/1%, rud a léirigh na hiomarcaíochtaí éigeantacha sna hoibríochtaí fochuideachta go leir agus laghdú ar phá na foirne ócáidiúla mar thoradh ar theagasc agus scrúduithe ar líne.

€81.7 milliún na costais oibríochta eile agus laghdú de €17.7 milliún/17.8% ar an mbliain roimhe. Léiríonn seo an ghníomhaíocht laghdaithe ar an gcampas ó mhí Márta 2020 nuair a cuireadh tús le srianta na sláinte poiblí, agus laghduithe mar thoradh ar thaisteal gnó, caiteachas taighde, fáilteachas ar an láthair agus caiteachas eile ó lá go lá.

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais

**Sócmhainní Seasta**

Baineann sciar maith de bhreiseanna ar Thalamh agus Foirgnimh le linn 2019/20 leis an gcaiteachas leanúnach ar thionscadal lóistín na mac léinn i Nead an Phréacháin. €13.6 an caiteachas ar threalamh, a bhain le taighde den chuid ba mhó, le linn 2019/20. Easnamh de €26.3 milliún muirear na bliana.

**Infheistíochtaí**

Baineann na hinfheistíochtaí go príomha le hinfheistíochtaí i seilbh Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile Corcaigh faoi mar a bhí ar an 30 Meán Fómhair 2020. Foinse luachmhar ioncaim an ciste seo ar mhaithe le duaiseanna agus scoláireachtai i raon leathan disciplíní. Tá luach an chiste méadaithe le cúig bliana anuas le €6.9 milliún, rud a léiríonn fás bliantúil de 10.4%.

**Féichiúnaithe**

Tháinig méadú de €3 milliún/6% ar fhéichiúnaithe bliain i ndiaidh bliana. Tharla seo de bharr laghdaithe, de dheasca COVID-19, ar ghníomhaíocht iomlán an ghrúpa sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020.

**Infheistíochtaí Socmhainní Reatha agus Airgead sa Bhanc**

Seasann airgead sa bhanc agus infheistíochtaí gearrthéarmacha ag €84.6 milliún, laghdú de €5.6 milliún/6% ar 2019.

**Méideanna Creidiúnaithe atá Dlite laistigh de Bhliain Amháin**

Tháinig méadú ó €213.9 millliún go dtí €223.7 milliún ar chreidiúnaithe atá dlite laistigh de bhliain amháin. An phríomhchúis leis an méadú seo ná ioncam a fuarthas roimh ré ó fhoinsí stáit (tacaíocht COVID-19) agus neamhstáit. Tháinig laghdú ó 2019 go dtí 2020 ar chreidiúnaithe trádála, rud a léiríonn an laghdú ar ghníomhaíocht iomlán an ghrúpa a luadh cheana. Tháinig méadú beag ar iascachtaí gearrthéarmacha bainc sa bhliain.

**Méideanna Creidiúnaithe atá Dlite tar éis níos mó ná Bliain Amháin**

Tháinig méadú de €7.4 milliún/2% ar an iarmhéid seo bliain i ndiaidh bliana. Tharla seo go príomha de bharr laghdaithe ar aisíoc sceidealaithe iarmhéideanna iascachtaí bainc fadtéarmacha le linn na bliana. Leagtar amach i Nóta 23 sonraí iomlána na n-iasachtaí agus na n-iarmhéideanna bainc uile faoi mar a bhí ar an 30 Meán Fómhair 2020.

CUSPÓIR A CÚIG

# Maoinigh agus Tóg



**Cúlchistí Srianta agus Neamhshrianta**

€234.7 milliún na cúlchistí srianta agus neamhshrianta ar an 30 Meán Fómhair 2020, iad €1.1 milliún níos airde ná 2019. Tharla an méadú seo de bharr chomdhlúthú Fhondúireacht Ollscoil Chorcaí (CUF) agus an easnaimh a tabhaíodh sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020. Cuimsíonn cúlchistí neamhshrianta de €216.2 milliún Cúlchiste Athluachála Sócmhainní Seasta de €134.2 milliún, iardheontais chaipitiúla iarchurtha nach mbaineann leis an státchiste de €100.8 milliún atá sna cúlchisti ó aistríodh go dtí FRS102, fritháirithe ag cúlchisti ioncaim neamhshrianta agus cúlchistí neamhshrianta an Chiste Iontaobhais agus CUF de €18.8 milliún.

## Achoimre agus Tuar

D'fhág paindéim COVID-19 nach rabhthas ag súil léi gur bhliain an-deacair oibríochta ab ea 2019/20 d'earnáil an ardoideachais. Bhí ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh, faoi mar a rinne mórchuid institiúidí ardoideachais eile, a sholáthar agus a shamhail ghnó a athrú ó bhonn ó Mhárta 2020. Mar fhreagra do dhúshláin agus neamhchinnteachtaí phaindéim COVID-19, thug an ollscoil faoi bhearta cuimsitheacha d'fhonn sláinte agus sábháilteacht a gcuid mac léinn agus ball foirne a chosaint. Ceann de na bearta seo ná gníomhaíochtaí acadúla agus taighde na hollscoile a aistriú ar líne chomh mór agus ab fhéidir mar aon le socruithe cianoibre a chur i bhfeidm don fhoireann.

Mar thoradh air seo, bhí idir mhaith agus olc i ndul chun cinn na hollscoile sa bhliain 2019/20. Cé gur lean an fás maidir le líon na mac léinn fo- agus iarchéime le linn 2019/20, cuireadh srian ar ghníomhaíocht taighde toisc gur ghá tabhairt faoin gcianobair chomh mór agus ab fhéidir. Díol suntais is ea é gur tháinig laghdú ar thionchar na paindéime ar ioncam tráchtála ó oibríochtaí coimhdeacha sa dara leath den bhliain, rud a chur isteach ar chumas na hollscoile a fás ioncaim a chaomhnú sna réimsí seo, gné ríthábhachtach d'fhonn tacú le dul chun cinn an ghrúpa ina iomláine ó thaobh airgeadais de.

Mar chuid dá fhreagra do COVID-19, rinne rialtas na hÉireann pacáiste maoinithe breise a leithdháileadh ar earnálacha ardoideachais agus breisoideachais dar luach €168 milliún sa bhliain 2020. Léiríonn an maoiniú seo an méadú ar chostais a tabhaíodh san earnáil sin de dheasca na paindéime. Ghnóthaigh an ollscoil níos mó ná €21 milliún den mhaoiniú seo, agus thart ar €6 milliún de sin léirithe i ráitis airgeadais 2019/20.

Tá an ollscoil an súil leis go mbeidh drochthionchar ar airgeadais na hollscoile ag COVID-19 le linn 2021, agus cé gur deacair iomlán an drochthionchair seo a thuar i láthair na huaire, measann Cumann Ollscoileanna Éireann go dtiocfaidh laghduithe de €374 milliún ar an earnáil le linn na mblianta airgeadais 2020 agus 2021. Tá réamh-mheastacháin agus tuartha airgeadais ullmhaithe ag an ollscoil agus í muiníneach gur féidir leanúint ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí sa timpeallacht reatha. Agus coigiltí buiséadacha de €20 milliún curtha i bhfeidhm ar bhliain airgeadais 2020/21, leanfaidh an ollscoil leis an staid a mhaoirsiú agus a bhainistiú agus í ag forbairt le linn 2021, agus déanfaidh sí a cuid tuartha a leasú de réir mar is cuí.

Tar éis COVID-19, tá sé ríshoiléir go bhfuil gá le cinneadh maidir le samhail mhaoinithe fhadtéarmach d'earnáil an tríú leibhéal in Éirinn, agus í ag brath ar níos mó ná 50% dá hioncam ó chistí neamhstáit. Ina theannta sin, tá COC agus ollscoileanna Éireannacha eile ag brath ar fhóirdheontais chun teagasc a chur ar fáil do mhic léinn Éireannacha, agus é seo mar bhagairt do chumas na hearnála na seirbhísí seo a sholáthar ar bhonn inbhuanaithe.

Cúis imní i gcónaí is ea an laghdú leanúnach ar thacaíocht chaipitiúil, mar a léiríodh anuraidh. Glactar le tacaíocht ón státchiste sa tsamhail mhaoinithe leanúnach atá ann faoi láthair maidir le riachtanais leanúnacha athchóirithe, chothahbála agus bhonneagair. Cé go guirtear fáilte roimh dheontais chaipitiúla dhéabhlóidithe sa bhliain 2020 mar thaca le cothabháil an champais fhisiciúil, bheadh bac mór ar an éileamh amach anseo ó thaobh daonra de ina n-éagmais, mar ní dhéanfaidh leibhéal an mhaoinithe reatha a chuirtear ar fáil iasachtaí a chúiteamh chun infheistíocht riachtanach bhonneagair a dhéanamh.

Tá teacht aniar léirithe ag ardoideachas na hÉireann in ainneoin na ndúshlán le deich mbliana anuas. Tá ráta ard éilimh ann i gcónaí agus níos mó mac léinn ná riamh againn. Cuirtear fáilte roimh an gcúnamh airgeadais de dheasca thionchar an choróinvíris, agus ábhar misingh obair na Roinne Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta nua in am an ghátair. Tá an ollscoil ag súil le deis chun plé leis an roinn nua seo trí Chumann Ollscoileanna Éireann (IUA) chun deimhin a dhéanamh de go ndáilfear dóthain maoinithe ar an oideachas tríú leibhéal i gCáinaisnéis 2022 agus ina dhiaidh sin, rud a chinteoidh go mbeidh ról lárnach aige agus Éire ag teacht chuici féin.








# Baill an Choiste Rialaithe, 2019-2024

**(1 IÚIL 2019 - 30 MEITHEAMH 2020)**

**Príomhoifigeach:**
An tOllamh Patrick O'Shea,
Uachtarán

**Cathaoirleach:**
An Dr Catherine Day

**Oifigigh Shinsearacha:**
An tOllamh John O'Halloran,
Leas-Uachtarán & Cláraitheoir

**Ollúna/Comhollúna:**
An tOllamh Frédéric Adam
An tOllamh John Cryan
folamh
An tOllamh David Kerins
An tOllamh Eileen Savage

**Foireann Acadúil**
**(seachas Ollúna/Comhollúna):**
An Dr Louise Crowley
An tUas Michael Delargey
An Dr Angela Flynn
An Dr Heather Laird
An Dr Brian O'Flaherty

**Foireann (seachas foireann acadúil):**
An tUas Sinead Hackett
An tUas Gary Hurley
An tUas J.P. Quinn

**Mic Léinn:**
An tUas Ben Dunlea, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn
An tUas Ciara Kealy, Leas-Uachtarán, Aontas na Mac Léinn

**Mac Léinn Iarchéime:**
An tUas Rory O'Donnell,
Oifigeach Iarchéime, Aontas na Mac Léinn

**Ainmnithe ó Eagraíochtaí Seachtracha:**
An tUas Dermot Breen (IBEC)
An tUas Colm Leen (Comhlachas Tráchtála Chorcaí)
An tUas John Fitzgibbons (Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí)
An tUas Margaret Lane (Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí)

**Ainmnithe ón Aire Oideachais agus Eolaíochta:**
Ag feitheamh ar ainmní ón Aire
Ag feitheamh ar ainmní ón Aire
Ag feitheamh ar ainmní ón Aire
Ag feitheamh ar ainmní ón Aire

**Céimithe:**
An tUas Owen Dinneen
An tUas Michelle Healy
An tUas Jennifer O'Sullivan

**Ard-Mhéara Chorcaí:**
An Comhairleoir John Sheehan

**Méara Ceantar Uirbeach Chathair Phort Láirge:**
An Comhairleoir John Pratt

**Ainmithe ó Ollscoil na hÉireann:**
An Dr Valerie Mannix Boyle
An Dr Dermot O'Mahoney

**Ainmithe ó Chomhairlí na gContaetha riaracháin:**
**Corcaigh:** An Comhairleoir Bernard Moynihan
**Cathair agus Contae Phort Láirge:** An Comhairleoir Breda Brennan (Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge)
**Ciarraí:** An Comhairleoir John Francis Flynn
**Luimneach:** An Comhairleoir Jerry O'Dea
**Tiobraid Árann:** An Comhairleoir Michael Fitzgerald